

SCÁTHÁN



2020-21

Scáthán 2020–21

Coiste eagarthóireachta

Caitríona Ní Chléirchín
Caoimhe Nic Lochlainn
Ciara Ní É
Richie Conroy

Dearadh, maisiú agus grinaghraif

Deirbhile Ní Chathail (DÚ designs)

Scríbhneoirí

Is iad mic léinn, iar-mhic léinn agus foireann reatha Ollscoil Chathair Bhaile Cliath a scríobh na míreanna san iris seo. Luaitear cúrsa agus bliainghrúpa na mac léinn idir lúibíní nuair is cuí.

Buíochas

Ciarán Mac an Bhaird agus foireann Fiontar & Scoil na Gaeilge.

Teagmháil Rphost

iris.scathan@dcu.ie

© Scáthán 2020-21

Ní gá gurb ionann na tuairimí a nochtar anseo agus tuairimí choiste eagarthóireachta *Scáthán* ná tuairimí aon bhaill foirne de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Réamhra 4

Ábhar ón bhfoireann 5-13

- 6-7 Súil Siar ar an gCónaitheacht
- 8-9 Agallamh le Rónán Ó Dálaigh
- 10 Tráchtas PhD ar nuathearmaíocht na Gaeilge
- 11 Duais an Uachtaráin
- 12-13 Súil siar ar an gComhdháil Dhomhanda don Fhoghlaim ar Líne
- 14 Solas an Léinn

Ficsean 15-21

- 16 Fuaime
- 17-18 Míla
- 19 Dorchadas
- 20 Slíotar
- 21 Timpeall

Iriseoireacht 22-24

- 23-24 Tá fáilte mhór i Málta

Filíocht 25-33

- 26 An Pháirc Pheile
- 26 Cailín an Iarthair
- 27 Coraintín
- 27 'Nach bhfuil a máthair in Vogue?'
- 28 Daideo
- 28 Tiomáint Meán Oíche
- 29 Haikuanna Covid
- 30 Leochaileach
- 31 Na Figiúirí
- 31 Taobh istigh
- 32 Roimh Bhreacadh an Lae
- 32 Smaointe san oíche
- 33 Sa Bhaile
- 33 Seanmháthair

Ábhar do pháistí 34-49

- 35 Áille agus Allta
- 36 An bhfaca tú mo Shéamuisín
- 37 Céard is maith leat
- 37 Lá Scoile
- 38-39 Cinnín Óir
- 40 Codladh Céad Bliain
- 41 Stríoca Sainiúla Sheena
- 42 An Leabhar
- 43 Ciúnas
- 43 An Bhróg
- 44 An Reilig
- 44 Eagla
- 45 Na Trí Nhuc Bheaga
- 46 Cochaillín Dearg
- 47-49 Nollaig Shona Sheáin

Is cúis áthais dom fáiltiú roimh eagrán 2021 d'iris Ghaeilge na mac léinn, Scáthán - móreagrán Covid.

Is cúis sásaimh ar leith dúinn eagrán na bliana seo a fhoilsiú, tar éis dúinn maireachtaíl trí thréimhse dianghlasála lán le héiginnteacht, breoiteacht agus míshástacht ar mhórán slite. Mar a léirítear i leathanaigh na hirise, táimid ag teacht amach as an tréimhse sin le dóchas agus dearcadh dearfach faoi céard atá romhainn. Cuireann sé lúcháir orm cé chomh cruthaitheach, samhlaíoch agus lán le ábeocht atá saothar ár gcuid mac léinn, scríbhneoirí cónaithe, céimithe agus léachtóirí, agus iad ag maireachtaíl faoi shrianta na plá.

Bhí ról lárnach ag Fiontar & Scoil na Gaeilge i mbronnadh céim Dochtúireachta san Fhealsúnacht (Honoris Causa) ar Sheán de Fréinei mí na Nollag 2021. Bhí tionchar ar leith ag Seán De Fréine ar an tsochtheangeolaíocht in Éirinn agus ar nithe a bhaineann leis an mbeartas teanga. Ina óráid a thug sé ag an mbronnadh dúirt an tOllamh Ciarán Mac Murchaidh: "...Bhí saol ar leith ag Seán mar scoláire neamhspleách nó baineann úire agus ceannródaíocht lena bhfuil scríofa aige ar shochtheangeolaíocht agus ar stair na Gaeilge, gan trácht ar na mórfhoilseacháin eile uaidh.....".

Cuireann muid fáilte roimh ár scríbhneoir cónaithe nua, Sadhbh Devlin agus gabhann muid buíochas mór le Richie Conroy agus le Ciara Ní É a chaith tréimhsí linn in 2020 agus 2021. Tá agallamh iontach déanta ag Ciara lenár gcéimí Rónán Ó Dálaigh san eagrán seo (agus iontach a léamh gur cuimhin leis a chuid léachtaí Eacnamaíochta faoi Karl Marx!).

Tá alt an-spéisiúil ar an téarmaíocht ónár mac léinn PhD, Daire De Poire; is cúis bróid dúinn a fheiceáil gur bhain ár scoláirí GG Amy Ní Lonnain agus Ciara Williams Duais an Uachtaráin don Nuálaíocht amach i gcatagóir na mac léinn bunchéime; tá cuntas suimiúil ar an gComhdháil Dhomhanda don Fhoghlaim ar Líne i mBaile Átha Cliath agus bhí ár gcomhghleacaí Mairéad Nic Giolla Mhichíl lárnach i reáchtáil na hócáide sin. Is deas an rud é dán Réaltán Ní Leannáin a fheiceáil, scríbhneoir iomráiteach eile a chaith tréimhse linn, chomh maith le ficsean, filíocht agus ábhar do pháistí ónár gcuid mac léinn BOid agus píosa iriseoireachta ónár gcéimí Gl. Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine a bhí ag plé le foilsiú na hirise i mbliana, ach go háirithe le Caoimhe Nic Lochlainn. Tá moladh ar leith ag dul do na scríbhneoirí agus don choiste eagarthóireachta as ucht an iris a fhoilsiú i mbliana, go háirithe mar gheall ar na dúshláin a bhain leis.

Abfahrtsrennen



Súil Siar ar an gCónaitheacht

Richie Conroy
Scríbhneoir Cónaithe

“Go maire tú trí thréimhsí spéisiúla. Agus níl aon dabht faoi, is thréimhse spéisiúil é seo.”

Chuala mé an nath sin ó bhéal tráchtairí go minic i rith na bliana agus muid faoi smacht ag an bpaindéim. Úsáideann siad an nath le rian ioróine óir an tuiscint atá acu ná gur beannacht atá ann. Ach, tá sin ag teacht salach ar bhunbhrí an natha. Is ón tSín a tháinig an nath áirithe seo agus ní beannacht a bhí ann ach mallacht. Go maire tú trí thréimhsí spéisiúla.

Ag tús na bliana, bhí an Delta Variant ag scaipeadh agus bhíomar faoi dhianghlasáil arís. Bhí Donald Trump go fóill ina uachtarán ar Mheiriceá agus ar an 6ú Eanáir bhí círeib in Capital Hill, Washington. Thart ar an am céanna, thosaigh mise mo sheal mar scríbhneoir cónaithe anseo in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Glac uaimse é, bíonn sé deacair díriú ar an scríbhneoireacht agus tú ag maireachtáil trí thréimhse spéisiúil.

Le linn na cónaitheachta, chuir mé neart ócáidí ar siúl do phobal na hollscoile. Thosaigh mé cúrsa scríbhneoireachta le grúpa deas scríbhneoirí. Chuamar ar thuras fíorúil chuig an nGailearaí Náisiúnta.

Bhí oíche airneáin againn le John Spillane. Thug an scríbhneoir agus foilsitheoir iomráiteach Tadhg Mac Dhonnagáin cuairt ar champas chun labhairt linn faoi leabhar nua leis, Madame Lazare. Níl i leabhar ach dúch ar pháipéar ach tá ceangail dhraíochta déanta idir samhlaíocht an léitheora agus samhlaíocht an scríbhneora. Tháinig mo leabhar úr féin amach le déanaí freisin, Dialann Emily Porter Thíos Seal Thuas Seal.

Taitníonn ficsean dírbheathaisnéiseach liom. Scéalta beaga grinn. Scríobh mé mo chnuasach féin i rith na cónaitheachta agus seo ceann amháin acu. “An Fáinne Óir” atá mar theideal air agus tá an scéal suite le linn tréimhse spéisiúla eile.

An Fáinne Óir

11ú Meán Fómhair 2001. Sa leabharlann a bhí mé nuair a chuala mé faoin taisme. Bhí baill foirne ag tuar go raibh an tríú cogadh domhanda ar na bacáin. Bhí mic léinn ag gol. Ní raibh mé féin. Bheartaigh mé dul ar an drabhlás.

Shruthlaigh an Guinness i dTigh Neachtain. Faoiseamh faighte. Ar an mbealach abhaile, fuair mé sceallóga i McDonaghs. Siúlóid daichead nóiméad a bhí romham. Nuair a shroich mé baile, b’ait liom doras an tí a bheith ar

oscailt. Ní raibh éinne sa teach, chuaigh na daoine a bhí ag roinnt an tí liom abhaile don deireadh seachtaine.

Bhí buidéal plaisteach Fanta ar an urlár. Ní ólaim Fanta. Bhí an chistin ina praiseach. Amhlaidh a bhí an scéal i mo sheomra leapa. Rinneadh buirgléireacht ar an tigh.

Láithreach bonn bhí an mheisce bainte díom.

Thug mé faoi deara go raibh mo mhála spóirt Umbro, mo discman agus trí hoodies liom ar iarraidh. Níos luaithe sa bhliain, fuair mé bronntanas ó uncail liom.

“Rinne do sheanathair é seo agus é sa champa géibhinn sa Churrach. Is leatsa anois é.”

Fáinne óir a bhí ann. Ceann a chaithfeá ar do sheaicéad chun daoine a chur ar an eolas go raibh Gaeilge agat. Bhreathnaigh mé sa taisceadán cois leapa. Bhí an fáinne óir goidte freisin. Chuir mé fios ar na Gardaí ar an bpointe. Dhá uair ní ba dhéanaí, tháinig siad.

“Is léir dom gur úsáid sé an buidéal seo chun an doras a oscailt,” arsa mise ag taispeáint an bhuidéil Fanta, “gach seans go mbeidh sibh in ann méarlorg a aimsiú ón mbuidéal.”

Lean mé ar aghaidh.

“Go bhfios dom, níor thóg sé aon rud ón gcistin.”

Thaispeáin mé toitín caite ar an urlár.

“B’fhéidir go mbeidh sibh in ann DNA a fháil uaidh seo óir ní chaithim féin.”

“Smaoineamh maith,” a dúirt an Garda ba shine acu.

“Cad a ghoid sé nó siad?” arsa an té eile.

“Hoodies, discman agus an fáinne óir. Bhí m’obair bhaile goidte acu fiú, é sa mhála spóirt.”

Bhain sin gáire míphroifisiúnta as na Gardaí.

“Tá aithne mhaith againn ar na déagóirí a rinne é seo, tá cónaí orthu san eastát in Westside,” arsa an Garda ba shine.

Léas dóchais a bhí ann dom.

“Is láthair choire atá anseo. Beidh na bleachtairí ón tsaotharlann leat amárach. Beidh siad ag dustáil. Ar tóir méarlorg agus DNA mar a dúirt tú. Beidh grianghrafadóir leo freisin.”

Thug sé a uimhir fóin phearsanta dom ar fhaitíos go rithfeadh aon rud liom idir an dá linn.

Ghabh mé buíochas ó chroí leo. “Is cuma liom faoin discman, faoi na hoodies, táim ag lorg an fháinne óir ar ais, sin an méid.

Na cuimhní a bhaineann leis.”

“Déanfaimid ár seacht ndícheall.”

An lá dár gcionn, d’fhan mé go foighneach ar na bleachtairí. Theastaigh buidéal Lucozade go géar uaim ach bhí mé buartha go dtiocfaidís agus mé imithe chuig an siopa.

Bhí sé ag druidim le ham tae nuair a smaoinigh mé ar an uimhir fóin a thug an Garda ba shine dom. Bhreathnaigh mé ar an bpíosa páipéir. Ní uimhir fóin a bhí ann. Admháil ó Supermacs a bhí ann. Is ansin a thuig mé nach bhfeicfinn an fáinne óir arís.

Chuaigh mé chuig an siopa le buidéal Lucozade a cheannach. É sa chuisneoir in aice leis an Fanta. Bhreathnaigh mé ar na nuachtáin, iad clúdaithe le híomhánna uafásacha. Sceon i Manhattan.

Bhí deora i mo shúile.

Foilsíodh an scéal seo san iris Splonk Eagrán 5 i rith na bliana.



AGALLAMH LE Rónán Ó Dálaigh

Labhair Scríbhneoir Cónaithe 2020 DCU Ciara Ní É le Rónán Ó Dálaigh, príomhfheidhmeannach an chomhlachta Thriftify. Tá an comhlacht, a nascann siopaí carthanachta le custaiméir ar líne, ag dul ó neart go neart ó bhunaigh Rónán é in 2018 agus i mbliana fuair Thriftify infheistíocht €500,000 leis an ngnó a fhás go hidirnáisiúnta. Tá Rónán mar chathaoirleach ar Na Gaeil Óga freisin, agus tá baint nach beag aige le Extinction Rebellion. Rinne Rónán staidéar ar Ghnó agus Gaeilge le Fiontar & Scoil na Gaeilge DCU.

€500,000! Comhghairdeas leat, a Rónáin.

Míle buíochas! Táimid ar bís dul i mbun oibre. Tá sé an-deas nuair a roinneann daoine an fhís atá agat, ár mbuíochas leis na hinfheisteoirí.

Tá cos leat i ngort na timpeallachta agus an ceann eile i ngort na fiontraíochta. Go leor den am shílfeá go dtéann saol an ghnó i gcoinne na timpeallachta?

Is cinnte go dtéann. Mar shampla is iad na comhlachtaí móra atá lochtach as an gcliseadh aeráide atá ar siúl faoi láthair. Cur i gcás, na comhlachtaí móra ola Shell agus BP; bhí a fhios acu faoin dochar a bhí siad á dhéanamh sna seascaidí ach lean siad ar aghaidh toisc an brabús. Ach níl ansin ach samhail amháin den fhiontraíocht, agus samhail ar theip air go mór. Ar an lámh eile, tá fiontair ann a oibríonn. Na comharchumainn, na fiontair shóisialta, is go leor eile. Is féidir leis an ngnó dea-thionchar a imirt ar an domhan má chuirtear cearta aeráide agus oibrithe chun tosaigh, seachas brabús marfach. Tá spéis agamsa samhail ghnó mar sin a chur chun cinn - samhail atá go maith don domhan. Is bréag iomlán é gur gá dúinn ligean leis na corparáidí móra a rogha rud a dhéanamh agus gur iadsan na samplaí is fearr - a mhalairt atá fíor. Tá Amazon, Facebook, agus Apple ar na heagraíochtaí is measa dá bhfaca muid le fada an lá.

Ar imir do thréimhse in DCU tionchar ar do thuairimí ina thaobh sin?

Cinnte, bhí deis iontach agam san ollscoil an tuiscint a bhí agam ar an tsochaí, an eacnamaíocht, agus an fhiontraíocht a fheabhsú go mór. Bhí mé

an-ghníomhach in aontas na mac léinn agus san fhiontraíocht shóisialta agus thuig mé den chéad uair go raibh sé indéanta an tsochaí agus an domhan a athrú go mór i mbealach dearfach. Eispéireas amháin a chuir go mór leis sin ná mo thaithí ar INTRA (INtegrated TRaining, clár intéirneachta DCU atá ar an bhfód le níos mó ná tríocha bliain anuas), agus mé ag obair i gcomhlacht mór idirnáisiúnta ar feadh bliana. Roimhe sin cheap mé gur ghá dul isteach sna corparáidí móra is iarracht a dhéanamh iad a fheabhsú is a athrú. Ach le linn mo thaithí ann ba léir dom gur chuma leo faoi rud ar bith seachas airgead a thuilleamh. Ní mar sin atá an saol, níl sé go maith don anam nó don tsochaí.

Cad é an rud is fearr a d'fhoghlaim tú ar an ollscoil?

Go raibh cead agam mo rogha rud a dhéanamh le mo shaol. Ar an meánscoil mhothaigh mé brú seafóideach dul ar an ollscoil, post maith a fháil, agus éirí as aon rud conspóideach. N'fheadar an mar sin atá i scoileanna eile, ach tá brú ann go forleathan go háirithe do dhaoine óga gan aon rud as an ngnáth a dhéanamh. Ar an ollscoil chonaic mé go raibh go leor daoine ag diúltú dó sin agus ag déanamh rudaí cruthaitheacha, fiontracha, agus gach saghas rud eile.

Cad é an rud is tábhachtaí atá foghlamtha agat ó d'fhág tú an ollscoil?

Ná déan aon rud i d'aonar. Thosaigh mé mo chéad ghnó tar éis na hollscoile agus tuigim anois gurb é an botún is mó a rinne mé ná é sin a dhéanamh gan foireann. I ngach réimse saoil tá tábhacht le foirne, agus is fíor é sin i saol an ghnó. Caithfidh tú brath ar dhaoine eile sa saol agus bhí sé de cheart agam é sin a dhéanamh ón tús, seachas fanacht chun foireann a chur le chéile i mo thograí éagsúla.

An bhfuil aon chúis ar leith gur thosaigh tú Thriftify?

Sea, is fuath liom mo chuid airgid a thabhairt d'eagraíochtaí nach dtaitníonn liom. Cinnte, is féidir liom dul ar líne agus aon rud gur mian

liom a cheannach láithreach, beidh sé saor agus tiocfaidh sé chugam go sciobtha. Milltear an t-eispéireas sin dom, áfach, nuair a ritheann sé liom go bhfuil mé ag tacú le heagraíocht atá ag scriosadh an domhain, ag caitheamh go holc lena n-oibrithe, agus araile. Theastaigh uaim rogha a bheith agam siopadóireacht a dhéanamh ar líne le heagraíochtaí atá ag déanamh obair mhaith, a bhfuil earraí inmharthana acu, agus nach ndéanann léirscrios don timpeallacht. Mar sin, bhunaigh mé Thriftify, siopa carthanachta ar líne.

Cén fhís atá agat do thodhchaí Thriftify?

Siopaí carthanachta a cheangail le daoine ar cuma leo. Tá na billiúin earraí dara láimhe sna siopaí carthanachta agus is iad an fhoinsé is mó den fhaisean inmharthana. An fhís atá againn ná go mbeidh Thriftify mar an phríomh-áis dóibh siúd atá ag lorg rogha eiticiúil, inmharthana, agus spraiúil.

Cad é an plean anois agus an infheistíocht mhór seo faighte agaibh?

Fás! Táimid ag earcú níos mó daoine don fhoireann agus ag dul isteach i margadh an Ríocht Aontaithe. Táimid ag labhairt freisin le heagraíochtaí i Meiriceá agus sa Ghearmáin. Idir seo agus deireadh na bliana seo chugainn táimid ag iarraidh a bheith deich n-oiread chomh mór is atá muid faoi láthair, agus muid ag scaipeadh an dea-scéil faoin mbealach inmharthana seo siopadóireacht a dhéanamh!

Thosaigh tú le DCU deich mbliana ó shin. Cén chuimhne is mó - maith nó olc - a sheasann amach duit ó shin?

Ag damhsa i m'árasán campais le slua iontach cairde ag cóisir tar éis na scrúduithe deireanacha. Níl an ollscoil éasca - idir scrúduithe, brú airgid, agus deacrachtaí dul in aibíocht, is am deacair é. Bhain mé an-chraic as an gcóisir sin toisc gur thuig mé go raibh an dúshlán sáraithe againn, le chéile!

Is léir go bhfuil tú paiseanta faoin timpeallacht. An féidir leis an ngnáthdhuine aon tionchar a imirt?

Is féidir, agus caithfidh siad! Ní dóigh liom go dtuigeann daoine cad atá os ár gcomhair mura n-athrófar cúrsaí. Ceaptar nach dtarlóidh an cliseadh le linn ár saol, nó go gcumfaidh Bill Gates píosa teicneolaíochta go tobann a shábhálfaidh sinn. Raiméis, ar an drochuair.

Tá an aeráid ag titim as a chéile mórthimpeall orainn cheana féin. Sna blianta amach romhainn, idir seo agus 2050 fiú, tá gach seans ann go mbeidh gorta ollmhór san Eoraip mar gheall ar theip leanúnach ar na príomhfhoinsí bia de dheasca drochaimsire. Anuraidh tháinig titim 30% ar an méid bia a rinneadh san Eoraip ach toisc go raibh go leor bia stóráilte againn ní raibh sé sa nuacht fiú. Má tharlaíonn sin cúpla bliain as a chéile, agus tarlóidh, beidh ganntanas mór bia ann. Nuair a thagann na sluaite móra le chéile titeann rialtais agus athraítear polasaithe. Tá an chumhacht againn é sin a bhaint amach. Caithfidh an gnáthdhuine tosú ar an stocaireacht agus feachtasaíocht anois beag!

Anois, cúpla ceist ghasta...

Cé hé nó hí do laoch?

Karl Marx!

Cad é an mhaoin is ansa leat dá bhfuil agat?

An domhan seo ar a bhfuil seilbh bheag ghasta agam.

Cad é an gaisce is mó atá bainte amach agat i do shaol?

Tá mé sásta ó lá go lá! Nuair a bhí mé níos óige chuir mé béim ar dhuaiseanna agus aitheantas, ach is cuma faoi aon rud mar sin mura bhfuil tú ag baint craic as na laethanta agat atá ar an saol.

Cad é an tréith is fearr ionat?

Déanaim iarracht a bheith fírinneach... Is deacair an fhírinne a rá uaireanta ach is é an rud is fearr i gcónaí a bheith fírinneach, leat féin go háirithe.

Agus an tréith is measa?

Táim ceandána. Nuair atá mé cinnte faoi rud éigin ní bhíonn mórán foighne agam éirí as.

Cad é do mhana saoil?

'Cruthaíonn machnamh fios.' Nuair nach bhfuil mé cinnte faoi rud ar bith déanaim iarracht dianmhachnamh a dhéanamh, agus leis sin tagann fios agus freagra.



Tráchtas PhD ar nuathéarmaíocht na Gaeilge

Dara de Poire

Nóta fúm féin

Dara de Poire is ainm dom agus tá mé dhá bhliain is fiche d'aois. D'fhreastail mé ar Choláiste Eoin, Gaelscoil i nDeisceart Bhaile Átha Cliath í agus bhain mé céim amach sa Bhéarla agus sa Ghaeilge anuraidh. Imríom iománaíocht leis an gclub áitiúil, Naomh Uinseann agus le foireann an Choláiste chomh maith. Mhúscaill mo thuismitheoirí an-spéis sa Ghaeilge ionam agus mé óg. Thaitin an bhunchéim go mór liom sa Choláiste agus tá áthas orm go bhfuil cúpla bliain taitneamhach eile fós le déanamh agam! Tá tús curtha agam leis an taighde thuasluaite le déanaí agus is í an aidhm atá agam ná cur leis na saothair Ghaeilge ar fad i réimse na nuathéarmaíochta agus mo chuid torthaí féin a roinnt in am trátha!

Chuir mé tús le mo thaighde ar nuathéarmaíocht na Gaeilge i mbliana, mar chuid de mo thráchtas PhD. Déanfar iniúchadh ar mheon an phobail Ghaelaigh i leith na nuathéarmaíochta a cheaptar. Is ábhar spéise dom í an téarmaíocht Ghaeilge ach is mó conspóide a ghabhann leis na focail nuachumtha i measc lucht labhartha na teanga. Fiosrófar tionchar na nuathéarmaíochta i réimsí éagsúla sa Ghaeilge agus tuairimí na ndaoine atá laistigh de na réimsí seo. Ina theannta sin, beidh smaointe an phobail á mbailiú i dtaobh na dtéarmaí nua atá á gceapadh.

Tá fás na meán agus forbairt na teicneolaíochta le blianta anuas tar éis deiseanna dochreidte a chur ar fáil do theangacha ar fud an domhain, go háirithe do na mionteangacha, ar nós na Gaeilge. Ba í ceist na téarmaíochta agus ag ceapadh focal nua, an chloch is mó ar phaidrín an tSaorstáit le linn an fichiú haois.

Is gá dul chomh fada siar le 1907, le teacht ar an gcéad choiste téarmaíochta neamhoifigiúil in Éirinn.

Coiste na dtéarmaí a tugadh air agus bhí Eoin Mac Néill agus Pádraig Mac Piarais mar bhaill de. Cuireadh coistí agus fochoistí faoi leith le chéile idir bunú an tSaorstáit agus 1968, agus foilsíodh go leor liostaí téarmaíochta a bhain leis an gCóras Oideachais go háirithe. Sa bhliain 1968 a bunaíodh an Buanchoiste Téarmaíochta, atá i bhfeighil ar théarmaíocht nua a sholáthar don Ghaeilge ó shin (An Coiste Téarmaíochta anois). Tá obair an Choiste Téarmaíochta le moladh ó lár sheascaidí na haoise seo caite. Ceapadh go leor téarmaíochta sainfheidhmí ó shin, gné thábhachtach de mhionteanga ar bith.

Is pobal beag é pobal na Gaeilge, agus sna pobail bheaga, ní tharlaíonn ceapadh focal go horgánach. Tá gá le hionchur seachtrach le go mbeidh téarmaíocht ann do choincheapa nua atá ag teacht chun solais ar fud an domhain. Tóg an coróinvíreas mar shampla, in iompú na boise, bhí flúirse téarmaí ar an bhfód nach raibh sa Ghaeilge chomh gairbh; gartheagmhálaí (close contact), nó téarmaí nach raibh ann fiú agus go raibh gá iad a cheapadh, mar shampla, scaradh sóisialta (social distancing). Chuir foireann Gaois liosta fairsing le chéile de théarmaíocht na géarchéime seo agus d'fhaomh

an Coiste Téarmaíochta na téarmaí nuachumtha. Is gné lárnach agus riachtanach den Phleanáil Chorpais é ceapadh téarmaíochta.

Aithnítear, áfach, go bhfuil scaipeadh agus ionphlandú na dtéarmaí atá á gceapadh ag an gCoiste Téarmaíochta ar chaighdeán níos ísle ná mar atá próiseas an chruthaithe acu. Is laige é seo nach féidir a bheith dall ar a thuilleadh. Is gnéithe riachtanacha iad scaipeadh agus ionphlandú, agus gan an taighde cuí a dhéanamh orthu, leanfaidh an bhearna ag fás idir an Coiste Téarmaíochta agus lucht labhartha na teanga, spriocghrúpa na hoibre seo ar fad. Cuirfear suim sna modhanna scaipthe atá ag mionteangacha i dtíortha eile agus déanfar anailís ar an gceist seo le fáil amach an bhfuil bealaí níos éifeachtaí ann chun téarmaíocht a scaipeadh i measc an phobail.

Ag deireadh an tráchtais, ba mhaith liom a bheith in ann a léiriú go bhfuil ríthábhacht ag baint le scaipeadh agus ionphlandú téarmaí agus go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna le téarmaí a chumadh. Tá go leor sainmhínithe teicniúla ar an rud is teanga bheo ann go baileach, ach dar liom, má tá drogall ar dhaoine na téarmaí nua a úsáid, tá sé ina ábhar buartha don teanga sin. Níl mórán maitheasa ag baint le hobair den chineál seo más obair in aisce í.

Duais an Uachtaráin

I mí na Bealtaine 2020, bhuaigh Amy Ní Linn agus Ciara Williams Duais an Uachtaráin i gcatagóir na mac léinn bunchéime don Nuálaíocht don “Sip ‘n’ Safe” - sop atá in ann drugaí ar leith a aithint i ndeochanna. Bhí Amy agus Ciara ag obair ar an idé nuálaíoch seo don mhodúl FN340 Bunú Fiontair i mbliain na céime ar an BA Gnó agus Gaeilge.

Dúirt Amy an méid a leanas le Scáthán: “Is bliain ghnóthach, dheacair í bliain na céime ach is bliain í inar cheart duit deiseanna a thógáil, mar don chuid is mó dúinn, is í ár mbliain dheireanach san ollscoil.


Bheartaigh Ciara agus mé féin triail a bhaint as cur isteach ar “Dhuais an Uachtaráin” in DCU chun ár scileanna gnó agus scríbhneoireachta a fheabhsú. Bhí an BA sa Ghnó agus Gaeilge ar siúl ag an mbeirt againn ag an am agus chun an fhírinne a rá, chabhraigh an comórtas go mór linn sa chúrsa.

Bhí an modúl “Bunú Fiontair” le déanamh againn agus bhí orainn gnó nó idé nua a chumadh. Bhí 15 creidiúint ag dul dó agus d’aontaigh an bheirt againn gur idé láidir a bhí sa “Sip ‘n’ Safe” agus gur cheart dúinn cur isteach ar chomórtas an Uachtaráin chomh maith!

Ar deireadh, rinneamar an comórtas a bhuachan i gcatagóir na mac léinn agus d’éirigh leis an mbeirt againn Céad Onóracha a bhaint amach freisin!

Bhuamar €1000 agus bonn álainn agus tá Enactus anois i mbun an “Sip ‘n’ Safe” a fhorbairt mar fhiontar sóisialta!”

Comhghairdeas leo beirt!



Súil siar ar an gComhdháil Dhomhanda don Fhoghlaim ar Líne

Conchúr Ó Sé



Reáchtáil an Institiúid Náisiúnta don Fhoghlaim Dhigiteach (NIDL) in DCU agus an Chomhairle Idirnáisiúnta don Oideachas Oscailte agus don Chianoideachas (ICDE) an Chomhdháil Dhomhanda don Fhoghlaim ar Líne i mBaile Átha Cliath an tSamhain seo caite.

Bhailigh os cionn 800 duine ó níos mó ná 80 tír in ionad comhdhála Bhaile Átha Cliath don 28ú Comhdháil Dhomhanda don Fhoghlaim ar Líne thar thréimhse cúig lá, chun páirt a ghlacadh san imeacht a bhí ar “cheann de na comhdhálacha idirnáisiúnta is mó agus is rathúla” sa réimse.

Bhí ról lárnach ag an NIDL sa chomhdháil agus an tOllamh Mark Brown, Stiúrthóir an NIDL, mar Chathaoirleach na comhdhála. Chomh maith leis sin, bhí an Dr Mairéad Nic Giolla Mhichíl, atá i bhfeighil ar The Ideas Lab san NIDL, agus an tOllamh Joe O’Hara ón Institiúid Oideachais in DCU, ina gcomhmhodhnóirí ar feadh na comhdhála.

“Athrú Saolta agus Sochaithe” ab ea téama na comhdhála, agus mar chuid den téama seo, labhair na príomhchainteoirí faoi na fadhbanna agus deiseanna a bhfuil oideoirí ag tabhairt aghaidh orthu i ré na comhcheangailteachta digití. Rinneadh plé agus iniúchadh ar cheisteanna cosúil le “Cad atá i ndán don fhoghlaim ar líne?” agus “Conas a chabhraíonn foghlaim ar líne le todhchaí níos fearr a bhaint amach?”

Bhí an-chuid cainteoirí éagsúla ag labhairt agus ag tabhairt a gcuid tuairimí ar na ceisteanna seo.

Ina measc bhí Simon Nelson, príomhfheidhmeannach an ardáin FutureLearn; John Baker, bunaitheoir an chomhlachta D2L (Desire2Learn); agus Belinda Tynan, Leas-Uachtarán agus Seansailéir Oideachais in Ollscoil RMIT i Melbourne na hAstráile.

Mar chuid den chomhdháil, d’eagraigh The Ideas Lab, ionad de chuid an NIDL in DCU, clár cultúrtha do rannpháirtithe na comhdhála.

(Ar ndóigh, tá The Ideas Lab i bhfeighil an tionscadail “Fáilte ar Líne” i gcomhar le Fiontar & Scoil na Gaeilge, sraith de chúrsaí Gaeilge ar líne atá dírithe ar dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim ar fud an domhain.)

Is éard a bhí i gceist leis an gclár ná sraith imeachtaí agus eachtraí éagsúla a bhain le cultúr na hÉireann chun blaiseadh a thabhairt do rannpháirtithe na comhdhála ar theanga, cultúr agus oidhreacht na tíre.

Léigh scríbhneoir cónaithe DCU 2019, Réaltán Ní Leannáin dán dá cuid, “Solas an Léinn/Learning in the Light” chun an ócáid a oscailt. Is dán cliste é seo a labhraíonn faoin bhfoghlaim. Tagraítear do bhéaloideas agus cultúr na hÉireann i gcoitinne agus tháinig an dán go smior le téama na comhdhála.

D'éirigh go geal leis an gcomhdháil agus bliain ina diaidh anois tá an chuma ar an scéal go gcuirfear an-bhéim ar fad ar chomhdhálacha cosúil leis seo agus an fhoghlaím dhigiteach i gcoitinne. Dar leis an Ollamh Mark Brown:

“Ní raibh cliú dá laghad ag na mic léinn a chabhraigh go mór linn anuraidh, ár n-ambasadóirí, ní raibh a fhios acu cé chomh tábhachtach agus a bheadh an t-oideachas ar líne dóibh agus paidéim buailte linn, chun leanúint ar aghaidh lena gcuid léinn agus foghlama, agus i gcásanna áirithe, chun a gcéimeanna a chríochnú.

Ar go leor bealaí, is deis í an phaindéim agus an casadh i dtreo an oideachais ar líne d'oideoirí athshamhlú a dhéanamh ar choincheap an oideachais don todhchaí. Ar an mbonn sin, tá téama na comhdhála 'Athrú Saolta agus Sochaithe' níos tábhachtaí anois ná mar a bhí sé nuair a bhailigh gach duine le chéile i mBaile Átha Cliath anuraidh.”

Mar a scríobh Réaltán ina dán: “Ach ní hamhlaidh inniu teorainn dorcha don léinn”. Dóchas anois agus dóchas don todhchaí.



Mairéad Nic Giolla Mhichíl agus Mark Brown a d'eagraigh WCOL

Oirfidigh an chláir chultúir WCOL 2019

Réaltán Ní Leannáin – Scríbhneoir cónaithe DCU & File

Setanta CLG, Noreen Leech & Seán Clancy CCÉ – School of Irish Traditional Music, Baile Munna.

Inis Ealga – School of Irish Dancing, Baile Munna.

Tom Smith – Amhránaí is scríbhneoir

Dr. Róisín Blunnie – Léachtóir in DCU, Stiúrthóir córuil, ceoltóir & amhránaí

Orla Shannon – DCU, Soprán

Trudy Maguire – DCU, Amhránaí & Ceoltóir

Martha Ní Chianáin – Amhránaí agus Ceoltóir Tradisiúnta

Ailbhe Dunne – Amhránaí is scríbhneoir

Dr. William Murphy – DCU, Léachtóir & Staráí

Anne Dolan – Staráí

Siobhán Ní Chonaráin – Fliúit & Feadóg, Comhaltas Ceoltóirí Éireann

Mary Kelly – Cruit, Comhaltas Ceoltóirí Éireann

Aoife Griffin – Fídlí & Damhsóir ar an sean-nós, Comhaltas Ceoltóirí Éireann

Jack Breathnach – Píobáí uilleann, Comhaltas Ceoltóirí Éireann

Mar Redmond -Píobáí uilleann, Comhaltas Ceoltóirí Éireann

Ceoltóirí na Cathrach – Traditional Music Group

Solas an Léinn

le Réaltán Ní Leannáin, 2019

Bogann an peann ina ghluais-gluais ar phár, gach scríob, gach stríoc, gach scuis

Ina chathú do Phangúr Bán, an cat.

An dúch ag lonrú faoi sholas buí an choinnill

A phreabann is a thagann is a imíonn i bhfolach sa dorchadas máguaird,

Cosaint fhánach ag manach ó na táibhsí is ó na scáileanna a líonfadh an dorchadas.

Mochthitim na hoíche ag fógairt deireadh le léann

In Aimsir Bhanríon an Gheimhridh, Aimsir Bhéara, í

Ina gabha fuardorcha - ar nós Danu is a clann.

Máthair na nDéithe, Cailleach an Fheasa - Samhain a séasúr, oidhreacht Ogma a táin.

Ach ní hamhlaidh inniu teorainn dorchadha don léinn,

Na múrthaí sin ina smionagair roimh na gréasáin leictreonacha

I ré seo an tsolais.

Teicneolaíocht an eolais, an léann inár nglac, sinn ar fad, ag cách.

Díocas is dóchas, deireadh le himeallchríoch oíche,

Oscailte do chách, cuma aois, saghas ná aicme, gnéas, dúchas, ná cine -

Tá na ballaí titithe, ar oscailt don ghléine,

Feadáin dóchais ina dtuile, ina ngile, ina ndílí.

Gaois na n-aoiseanna gan folú gan smachtú gan srian,

Á scaipeadh go mear tríd an mhearchlár -

Clíceáil na gcnaipí ina chlagarnach, ina rabharta, ag líonadh an tosta.

Lugh nua an tSamhraidh chugainn, Bríd Gheal an úirEarraigh, leis.

Inniu, bíonn máthair ag bagairt gach créacht is mífhortún

‘Muna múchtar an gléas sin . . .’ istoíche.

An scáileán ag lonrú go gléigeal ar leiceann,

Clibcheab an eolais ó luibhne.

Athnuachaint, athbheochan, athshaol do gach duine - fear nó bean, óg nó aosta.

Agus Pangúr Bán, an mac? Gluais-gluaisimid, le chéile. Ar fad.





Fuaim



Ailbhe O'Donnell
céimí BOid 2021

D'oscail mé mo shúile, bhí gach rud gruama mar a bhí i gcónaí. Bhí boladh taise ann, ní raibh aon solas le feiceáil, ní raibh aon rud solasmhar faoin áit seo i ndáiríre. Bhí mé ábalta an smúit a mhothú i ngach páirt de mo chorp. Bhí sé ag cur samhnaí orm, ach bhí an prios mór lán de bhia a raibh coincheall air ag cur samhnaí orm chomh maith.

Fan bomaite, cad é an fhuaim sin? Ní fuaim dhíoscáin an staighre atá ann inniu mar a bhíonn de ghnáth? Cad é an fhuaim sin? Cloisim páiste ag scréachach, ach ní hé go bhfuil iontas orm an fhuaim sin a chloisteáil san áit seo, ach an t-ionadh atá orm ná níor chuala mé an scread sin riamh. Ansin chonaic mé páiste an-bheag, bhí sé ag stánadh ar an seomra mór millteanach a bhí os a chomhair. An t-aon rud a bhí mé ag iarraidh a rá leis ná fáilte go hifreann.

Cad atá ar siúl agat maidin inniu, a pháiste bhig shoineanta? An mothaíonn tú an t-aer fuar ag teacht isteach? Tá súil agam go bhfaighidh sé réidh leis an salachar agus an smúit go léir atá orainn i ngach áit. Bhuel... ní féidir leat fanacht san áit seo go deo gan aon fhocail a rá. An bhfuil tú ag iarraidh teacht liom agus rachaidh muid ar siúlóid amach as an áit dhéisteach seo?

Ach... ach, ní féidir linn an áit seo a fhágáil, beidh muid i dtrioblóid ansin.

Bhabh. Tá iontas orm an glór binn sin a chloisteáil den chéad uair.. Anois éist liom go cúramach. Tá plean agam. Tá mise agus tusa chun éalú go deo as an áit seo inniu, an bhfuil tú ag éisteacht liom? Déan deifir nó beidh gach duine ag éisteacht linn.

Ach... ach, níl mise ag dul in aon áit. Níl mé in aon chor. Tá mé ag fanacht anseo. An dtuigeann tú sin?

Fan, fan, fan, fan nóiméad amháin, tá a fhios agam go maith go bhfuil tusa ag iarraidh a bheith saor ar shráid Nua Eabhrac. Smaoinigh air, na milseáin go léir, na bréagáin go léir, na daoine go léir ar féidir cuidiú linn, tá a fhios agam áit ar féidir linn fanacht chomh maith. Bhuel... tá imní orm agus tá a fhios agam gur deachtóir gan trua gan taise thú. Níl mé ag dul leat.

Maith go leor, ní bheidh mé ag tabhairt aon trua duit agus tú anseo leat féin. Seo é an seans deireanach atá agat.

Liom féin? Liom féin... tá an ceart agat, beidh mé liom féin sa seomra seo, cad é atá mé chun déanamh. B'fhéidir... nó ní rachaidh... bhuel, b'fhéidir go rachaidh mé leat.

Casfaidh mé leat i lár na hoíche - 3 a chlog ar an urlár uachtarach, ní féidir leat a bheith mall, ar chuala tú sin? Anois, éist go cúramach liom, tá fuinneog ar an urlár uachtarach agus osclaíonn sé amach go ciúin, mar sin caithfidh muid dul go dtí an fhuinneog sin go sábháilte. Osclóidh mé an fhuinneog, rachaidh tusa ar dtús, agus ansin mise. An bhfuil sin soiléir? Ansin bainfidh muid úsáid as an dréimire chun dul síos go dtí an talamh agus beidh muid saor. Ar chuala tú sin? Beidh muid saor... ó a dhia, an dúil nimhe sa scleondar.

SHH, SHH, tá tú ag ardú do ghlóir, ní féidir linn a bheith amaideach faoi seo ...

Bhuel, seo muid ar shráid Nua Eabhrac, is féidir linn ceol agus damhsa anois, tá muid saor a chara, tá muid saor. Tá mé chomh sásta.

Guth nua: Bhí a fhios agam go raibh plean ag an bheirt agaibh, beirt dhiabhal, agus shíl sibh nach raibh muid chun sibh a chuartú, cé chomh hamaideach is atá sibh? Faigh sa charr. Tá muid ag dul abhaile.

Scréachadh, scréachach agus níos mó scréachaí.

Rith mé suas staighre, go dtí mo sheomra codlata agus dhún mé an doras de phlab. Thosaigh na deora ag sileadh go faíoch ó mo shúile. Bhí an t-ádh liom nach bhfaca mo chlann mé ag caoineadh arís. D'fhéach mé timpeall an tseomra. Bhí leath Ailbhe salach agus míshlachtmhar. Ní raibh sí ach aon bhliain déag d'aois agus bhí ormsa mo sheomra a roinnt léi. Táimse beagnach fiche; níl sé cothrom ar chor ar bith. Tá mo dheirfiúir eile Laoise ceithre bliana déag d'aois, ach nár lige Dia go mbeadh uirthi a seomra codlata a roinnt. Bhíodh Laoise i gcónaí ar an bpáiste ab fhearr le Mam. Thit cúpla deoir eile ó m'aghaidh.

"Míla? An bhfuil mo pheann fós agat? An bhfuil sé fós ar do dheasc?" Bhí mo dheartháir Peadar taobh amuigh den doras. Ugh, ní raibh mé ábalta déileáil leis. "Imigh leat. Lig dom!" a bhéic mé.

Botún ollmhór é sin. Ní screadann tú ar Pheadar, má tá fios do leasa agat. Is buachaill an-tréitheach, dathúil agus spórtúil é mo dheartháir, ach tá drochdhearcadh aige. Níl mórán foighne aige, mar sin bíonn sé ag screadaíl go minic. Cé go raibh sé seacht mbliana déag d'aois, bhí aoibh air mar a bheadh ag naíonán.

"Oscail an doras anois! Tabhair dom mo pheann láithreach!" a scread sé.

Thosaigh sé ag brú ar an doras. Ní raibh aon rogha agam. Fuair mé an diabhal peann agus chaith mé é amach an doras dó. Chonaic sé go raibh mé ag caoineadh, ach bhí sé róchrosta chun a bheith buartha.

Ansin, chuala mé torann ag teacht ón gcistin. Bhí Mam agus Daid ag argóint arís. Bhíodar réidh le scaradh, ach ag an am céanna ní raibh aon rud ag bogadh ar aghaidh. Mar sin, bhíomar i saghas liombó; ní raibh a fhios againn cad a tharlódh sa todhchaí. Bhí mé an-bhuartha faoi seo mar ní raibh mé ag iarraidh go scarfaidís. Cén fáth a raibh tuismitheoirí mo chairde sásta, ach ní raibh mo chuidse? Bhí mé bréan díobh a bheith ag argóint. Cuireann sé isteach orm gach lá.

Shuígh mé ag mo dheasc agus d'fhéach mé ar Instagram. Ó, in ainm Dé, bhí mo 'chara' Máire tar éis grianghraf eile a chur suas, le Cáit agus Éabha ann. Thosaigh na deora arís. Bhí mé chomh crosta leo, agus uaigneach. Mo chairde a bhí iontu, nó sin a cheap mé, ach le cúpla mí anuas, bhí siad do m'fhágáil as an áireamh. Ghortaigh sé mo chroí gach uair a d'fhéach mé ar Instagram agus chonaic mé go raibh siad le chéile an lá sin, ag déanamh rud éigin deas. Níorbh fhiú an t-am iad, ach bhraith mé an-uaigneach ar aon nós.

D'fhéach mé orm féin i mo scáthán. Bhí drochchuma orm agus bhí mo ghruaig dhonn caisníneach agus gan chíoradh. Ó, cén fáth nach raibh gruaig fhionn, dhíreach orm? Bhí gruaig fhionn shíodúil ar Laoise agus ar Mham. Ach bhí mise fágtha le gruaig dhonn lofa. Bhí gruaig dhonn ar Ailbhe chomh maith, ach ní raibh aon fhadhb aici leis. Deir Daid go bhfuil mé go hálainn, ach ní chreidim é. Nuair a fhéachaim orm féin sa scáthán, feicim duine gránna. B'fhéidir gurb é sin an fáth nach bhfuil buachaill agam.

Choinnigh mé orm ag stánadh orm féin sa scáthán. Bhog mé mo lámh chun mo dheora a ghlanadh. Ach bhí iontas orm nuair nár bhog mo lámh sa scáthán. Bhog mé mo lámh eile ach níor tharla aon rud. Bhí imní de shórt éigin ag teacht orm. Céard sa diabhal? Bhí sé ar intinn agam mo dhaid a fháil agus é a thaispeáint dó, ach ní raibh an deis agam. Go tobann, tháinig mo scáil amach as an scáthán agus chaith sí mise isteach sa scáthán.

Bhí mé istigh sa scáthán! Bhuail mé ar an ngloine, ach níor tharla aon rud. Bhí mo scáil imithe. Chas mé timpeall. Ní raibh mé go díreach i mo scáthán; bhí mé i mo sheomra codlata, ach bhí gach rud difriúil. An raibh mé i ndomhan eile? Bhí eagla an domhain orm ar aon nós.

D'fhéach mé sa scáthán arís. Ó a Dhia, bhí gruaig fhionn, dhíreach, shíodúil orm. Bhí cuma álainn orm! Ní raibh aon spotaí ar m'aghaidh agus bhí mo cheannaithe foirfe. Bhog m'aird go dtí an fhuinneog. D'fhéach mé amach. Bhí gach rud iompaithe agus bun os cionn. Bhí an spéir oráiste agus bhí an féar corcra. An-aisteach ar fad. Chuala mé dordán agus ba bheag nár thit mé i laige nuair a tháinig beach ollmhór chuig an bhfuinneog. Bhí sé chomh mór le madra. D'fhéach mé timpeall. Bhí feithid bheag ar leac na fuinneoige. D'fhéach mé níos dlúithe uirthi agus cat a bhí inti! Níor chreid mé é, bhí sí chomh beag. Thosaigh mé ag screadaíl.

"Cabhraigh liom! Cabhraigh liom! A scáil, cá bhfuil tú? Cad a rinne tú?" D'oscail doras mo sheomra agus bhí mo mham ansin. "Míla, a stór, cad atá cearr?" a d'fhiafraigh mo mham. Níor ghlaoch mo mham 'a stór' orm riamh. Bhí scaoll ollmhór orm.

"A Mham, cad atá ar siúl?" a d'fhiafraigh mé. "Ní thuigim, stop de do chuid magaidh."

"Cad faoi a bhfuil tú ag caint, in ainm Dé, a chroí? Tar anuas staighre, tá do chairde anseo."

Sa seomra suite ait, bhí Máire, Cáit agus Éabha ann, chomh maith le buachaill éigin nach raibh aithne agam air. "Haigh, a chailíní, cén fáth a bhfuil sibh anseo?" Níor thuig mé, ní raibh mé tar éis iad a fheiceáil le cúpla mí anuas, ach anois bhí siad anseo, sa 'domhan eile'?

"An ndearna tú dearmad Míla? Táimid ag dul chuig ceolchoirm Niall Horan anocht. D'eagraigh tusa é!" arsa Cáit.

"Cad? Níor eagraigh, agus níl go leor airgid agam ar aon nós." Bhí mé go hiomlán trí chéile. Ní raibh muid saibhir agus mar sin ní dheachaigh mé chuig ceolchoirmeacha.

"Is tusa an cailín is saibhre atá thart! Ná bí ag pleidhcíocht linn, a Mhíla!" arsa Éabha. "Ceannaíonn tú na bronntanais is fearr dúinn an t-am ar fad!"

Níor chreid mé é sin ach an oiread. Bhí rudaí chomh meascaithe suas. Sa domhan seo bhíodar fós cairdiúil liom mar bhí mé saibhir? Dochreidte. Bhí an buachaill aisteach fós ag féachaint orm.

"Cé tusa?" a cheistigh mé.


"Cad? An bhfuil tú ceart go leor inniu, a Mhíla? Tar anseo, a chroí." Rinne sé a dhícheall a lámha a chur thart orm agus thug mé buille boise sa leiceann dó.

"Liam! Ó a Dhia! Míla, níl tú in ann caitheamh le do bhuachaill mar sin!" arsa Máire.

Cad? Bhí buachaill agam sa domhan seo? Bhabh. An raibh aon rud eile difriúil? Ní raibh mé anseo le cúig nóiméad anuas agus bhí mórán éagsúlachtaí cheana féin. Bhí scanradh an domhain orm. Sea, b'fhéidir nach raibh na fadhbanna céanna agam ó m'fhíorshaol, ach bhí rud éigin mícheart faoin domhan seo. Níor thaitin sé liom ar chor ar bith. Conas a rachainn abhaile? An mbeinn in ann dul abhaile arís?



Dorchadas



Lauren Bhreathnach
céimí BOid 2021

Dhúisigh sé, bhí a chosa cromtha, bhí sé an-dorcha, ní raibh sé in ann aon rud a fheiceáil. An geimhreadh a bhí ann agus bhí a chuid méar mairbhleach leis an bhfuacht. Bhí sé istigh áit éigin, ach ní raibh a lán spáis aige. Cad a tharla? Níor chuimhin leis. Bhuail sé bosóg éadrom timpeall a choirp ag iarraidh a aimsiú cá raibh sé. Ní raibh sé in ann breith ar aon rud. Chuir sé a lámha suas agus bhí gíog le cloisteáil. Stop sé láithreach. Tar éis cúpla soicind, rinne sé arís é. “Eeeerrrrkk!!” a chuala sé arís. Bhí a chroí ag preabadh.

“Cá bhfuil mé? Cén fáth a bhfuil mé anseo? Cad é an fhuaim sin? Cén fáth go bhfuil sé chomh dorcha?” Bhí na ceisteanna ag rith trína cheann. Thug sé brú mór amháin eile os cionn a chinn agus chonaic sé solas! Solas a d’éirigh níos mó agus níos mó go dtí go raibh búi an chairr oscailte go hiomlán.

“Céard sa diabh...?” a scread sé. D’iompaigh sé é féin suas agus tharraing sé a chosa amach as an mbúi. Ní raibh baistíoch ar na gaobhair ach bhí crainn i ngach áit, chonaic sé iora agus bhí boladh corp crainn san aer. Bhí bláthanna aoibhne ann ach b’shin an t-aon rud aoibhinn faoin bhforaois seo.

Mhothaigh sé go raibh contúirt mhór ann cinnte mar gheall ar an tslí ar dhúisigh sé sa bhúi. Bhí sé ag iarraidh tabhairt faoi theitheadh ach cén tslí a rachadh sé? Ní raibh cliú aige cé chomh fada a bhí sé ó bhaile. Díreach nuair a bhí sé chun rith, chuala sé guthanna. Chas sé timpeall... ní fhaca sé aon rud. Chas sé arís ach fós ní raibh aon rud le feiceáil. Rinne sé ciorcal agus ansin - chonaic sé grúpa daoine i bhfad uaidh ag siúl ina threo.

“Cé hiad siúd?” a smaoinigh sé leis féin. “D’fhéadfadh siad cabhrú liom nó d’fhéadfadh sé gur iadsan a chuir anseo mé... Cad a dhéanfaidh mé? Rith nó cabhair a lorg?”

Michael McBrearty
céimí BOid 2021

Go hiontach, is breá liom cnámha. Chonaic mé mo mháistir ag teacht chugam le cnámha deasa ina lámh. Chuir sé iad ar an talamh agus rith mé ina dtreo. Thosaigh mé ag léim is ag tafann le háthas. Bhí mo mháistir ag gáire.

“Is madra amaideach thú, ach is tusa an madra is dílse sa tír seo. Bain sult as do bhéile, agus ná bí ag cur isteach ar na buachaillí! Tá siad ag iarraidh iománaíocht a imirt. Tá a fhios agam go bhfuil fonn ort imirt leo agus caithfidh tú a bheith ar garda anocht. Beidh na daoine is tábhachtaí sa cheantar ag teacht go dtí an féasta mór.”

D’fhéach mé ar an buachaillí ag imirt iománaíochta. Ba bhreá liom a bheith leo, ag rith timpeall na páirce le sliotar i mo bhéal. Ach, bhí a fhios agam go mbeadh jab le déanamh agam. Lean mé ar aghaidh ag cnaí na gcnámh. Ansin d’éirigh mé tuirseach, agus thit mé i mo chodladh.

Chuala mé coiscéimeanna agus phreab mé suas. Chonaic mé buachaill ag teacht chugam. Bhí sliotar agus camán ina lámh. Bhí áthas an domhain orm. B’fhéidir go n-imreodh sé liom. Bhí mé ar bís. Thosaigh mé ag tafann.

“Tabhair dom an sliotar, Tabhair dom an sliotar!”
Stop an buachaill. Bhí an chuma air go raibh a chroí ina bhéal. B’fhéidir nár chuala sé mé. Thosaigh mé ag tafann níos airde.

“Tabhair dom an sliotar, Tabhair dom an sliotar!”
D’ardaigh an buachaill an camán. D’oscail mé mo bhéal chun greim a fháil ar an liathróid. Bhuail sé an sliotar agus d’éitil sé ar luas lasrach. I bpreab na súl, bhí an sliotar gafa i mo scornach. Ní raibh mé in ann anáil a fháil. Rith an buachaill i dtreo an chaisleáin. Dhún mé mo shúile agus phlúch an dorchadas mé.

sliotar



Timpeall



Nóra Hayes
céimí BOid 2021

Láib, láib i ngach áit. Bhí sí cromtha síos ag tochailt sa láib. Péist! Rug sí greim air agus bhrúigh sí í isteach inaéal. Bhí gach rud donn le láib, a cuid gruaige, a gúna, a craiceann, a súile agus a hintinn. Ciaróg! Bhrúigh sí í isteach inaéal. Bhí sí ag crith, ach ní raibh sí ag crith leis an bhfuacht. Chuala sí rud éigin ait ag teacht ina treo.

“Cé thú féin? Cad atá á dhéanamh agat anseo?” a scread feirmeoir, é ar buile.

Sheas sí. D’fhéach sí air. Dhoirt mún go mall síos a cos, agus í ag stánadh air. Stop an feirmeoir, bhraith sé míchompordach ag féachaint uirthi. Bhí rud éigin ait faoin mbean seo. Thóg an feirmeoir a fhón amach as a phóca, ní raibh an mhuinín chéanna aige a thuilleadh, thosaigh sé ag cur glaoch ar na gardaí. Thosaigh an bhean ag crónán, ag scuabadh an talaimh lena lámha. Chas sí timpeall, is timpeall, is timpeall, í ag éirí níos tapúla le gach casadh. Rith an feirmeoir ar ais i dtreo an tí feirme.

“Cabhraigh liom, cabhraigh liom!” a bhúir sé. Stop an bhean, thit sí tóin thar ceann i lár na láibe.

Gorm. Bán. Gorm. Bán. Gorm. Bán. Gorm. Bán. An spéir ag dul timpeall, is timpeall, is timpeall.

rise of Ireland chart



Tá fáilte mhór i Málta

Mary Blundell céimí GI 2021

Le tamall fada anuas, bhí sé i m'aigne cuairt a thabhairt ar Mhálta: fuair mé an deis i mí Eanáir seo caite, agus má chuaigh mé ní raibh aiféala orm. Fuaireamar praghas réasúnta leis an eitilt (Ryanair) agus praghas den scoth maidir leis an óstán - €35 an duine in aghaidh an lae, le gach rud san áireamh (is no brainer é!). Bhí mo scrúduithe déanta agus laethanta saoire agam ón gcoláiste - ní raibh ar m'intinn ach dul ag taisteal agus bhí m'fhear céile sásta dul liom.

Thóg an eitilt ceithre uair an chloig ó Bhaile Átha Cliath go dtí Málta. Shroicheamar an t-aerfort ar a hocht a chlog san oíche ach fuaireamar tacsáí go tapaidh agus bhíomar ag ithe ár mbéile roimh a naoi a chlog. Bhíomar ag smaoineamh roimh an turas ar charr a fháil ar cíós ach ní raibh aon ghá leis mar tá an córas iompar poiblí go hiontach agus córas na dtacsaithe chomh maith.

Bhí an t-óstán suite cois farraige i gCuan Naomh Pól, agus cé go raibh an aimsir fuar, bhí an ghrian ag taitneamh i rith an lae, agus bhí promanáid dheas trasna an bhóthair. Bhí an seomra leapa an-chompordach agus béile den scoth againn gach oíche. Bhí an beár oscailte ó mhaidin go hoíche agus bhí siamsóir ann gach oíche.

An mhaidin dár gcionn thógamar go bog é mar bhíomar tuirseach tar éis an turais. Fuaireamar suathaireachtaí deasa agus rinneamar taighde faoin gceantar.

An lá ina dhiaidh sin, Dé Sathairn, thógamar turas treoraithe timpeall an oileáin. Chuamar go dtí Valetta – príomhchathair na tíre. Cathair álainn cois farraige, lán le bialanna, siopaí agus seanfhoirgnimh. D'itheamar ár lón taobh amuigh mar bhí an aimsir go deas.

Nuair a dhúisigh mé Dé Domhnaigh bhí m'fhear chéile tinn agus ní raibh sé in ann éirí as an leaba. Bhí an fliú air. Bhí mé buartha mar bhí roinnt fadbhanna sláinte eile aige. Bhí an siopa poitigéara in aice linn agus fuair mé leigheas dó. Tar éis mo bhricfeasta, chuaigh mé amach ag siúl agus ag lorg aifrinn an Domhnaigh.

Bhí sé soiléir nárbh fhiú dom fanacht sa seomra leapa le m'fhear céile mar bhí sé ina chodladh. Tá gach saghas eaglaise agus ardeaglaisí móra ar an oileán mar is tír Chaitliceach é Málta (an tír dheireanach san Eoraip gan ghinmhilleadh, ach tá colscaradh agus pósadh comhghnéis dleathach anois).

Nuair a shroich mé an eaglais, bhí sé plódaithe – seandaoine agus daoine óga agus bhí ochtar sagart ar an altóir!

Ar an Luan, bhí biseach ar John agus thug aoi eile san óstán síob dúinn trasna an oileáin go dtí na bailte eile: Sliema, St Julians, Golden Bay agus ar ais trí Mdina, baile ársa. Is iarsmalann é anois, tá sé caomhnaithe cosúil leis na laethanta fadó, fadó.

Tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le saoire i Málta:

Na buntáistí:

1. Oileán álainn, aimsir an-deas, 80 ciliméadar ón Iodáil
2. Is é an Béarla an phríomhtheanga
3. Tír ina bhfuil an ráta coireachta an-íseal
4. Tá na daoine an-chairdiúil
5. Tá an ailtireacht ar fheabhas agus tá an stáir an-suimiúil - ná caill an deis chun na hardeaglaisí iontacha a fheiceáil
6. Tá an córas sláinte go hiontach

Na míbhuntáistí:

1. Tá an tírdhreach beagáinín leadránach i gcomparáid le hÉirinn - ní raibh ainmhithe ar bith sna páirceanna, dúirt fear amháin liom gur fhan na hainmhithe faoin talamh an t-am ar fad!
2. Tá an eitilt fada: ceithre uair an chloig
3. Tá an cultúr cosúil le cultúr Shasana
4. Tír ina bhfuil an-chuid éillithe sa rialtas
5. Tá an bia an-bhlasta ach itheann siad coiníní go minic!


Caithfidh mé a rá nach raibh Málta ar an tír thar lear ab ansa liom ach is tír shuimiúil í agus ba mhaith liom dul ar ais i rith an earraigh nuair a bhíonn an fharraige níos teo chun dul a shnámh mar léigh mé go bhfuil an t-uisce an-ghlan.

Chuamar abhaile Dé Máirt: fuaireamar an bus poiblí as an óstán go dtí an t-aerfort, seans eile an tír a fheiceáil roimh an turas abhaile. Is fearr liom an bus poiblí a úsáid mar is deis iontach na daoine áitiúla a chloisteáil ag comhrá lena chéile.

Tháinig an víreas an mhí ina dhiaidh sin, agus i bpreabadh na súl bhí cosc ar gach saghas taistil – anois tá formhór na neitiltí ar talamh. Nuair a thiocfaidh an lá nuair a bheidh deireadh leis an víreas, beidh mé ar bís chun turas thar lear a chur in áirithe! Tá m’iníon ina cónaí sna Stáit Aontaithe agus ag súil le leanbh i mí Aibreáin seo chugainn agus le cúnamh Dé, beidh mé ar an eitleán ag dul go Washington, ach mar a deirtear: “Is maith an scéalaí an aimsir”.



Project Timeline



An Pháirc Pheile
le Niamh Hetherington
céimí BOid 2021

Ó, an pháirc pheile,
Braithim uaim í.
Mo chairde go léir,
'S muid ag ciceáil thart.

An t-aon áit ar domhan,
Nach mbíonn cíós, cás ná cathú orm.
Áit ina bhfuil mé in ann éalú
Ó strus agus brú an tsaoil.

Craic agus spraoi,
Le mo chairde uilig.
Ag traenáil chuile sheachtain,
Ag ullmhú don chraobh.

An oilithreacht sheachtainiúil,
Chuig an bpáirc ag ceann an bhealaigh.
Bróga peile, cosaint fiacla agus lámhainní
Sa mhála liom.

"An Talamh Naofa" a ghlaoitear uirthi,
Agus cúis mhaith leis sin.
Ó, an pháirc pheile,
Tá sí i mo chroí.

Cailín an Iarthair
le Michael McBrearty
céimí BOid 2021

D'fhág mé slán leat ar an ardán
"Feicfidh mé thú Dé Luain," a dúirt tú le spraoi
Do shúile ag lonrú i dtaitneamh gréine
Is do ghruaig fhada ar crochadh sa ghaoth

Tá ráithe caite agam gan tusa
Íospartach uaigneach tíreolaíochta
Tá fonn orm bheith leat
ag siúl le chéile ag bruach an locha

Nuair atá an cogadh in aghaidh an ghalair ghránna seo thart,
Feicfidh mé thú arís, a chailín an iarthair

Coraintín
le Nora Hayes
céimí BOid 2021

Bhí sé ciúin sa phluais bhándearg,
D'fhéach Nóra timpeall go hamhrasach,
Seo an áit dheireanach ar a seilg,
Bhí sí tar éis dreapadh suas an cnoc mór páipéar leithris,
Shnámh sí tríd an gcairpéad gorm,
Léim sí thar gheata na bpáistí agus anois bhí sí i bpluais na hollphéiste móire.
Ba thuras dainséarach é ag teacht go dtí an áit seo,
Ach ba laoch í agus bhí jab aici -
Colm an capall a tharrtháil agus bhí sí chun gach rud a dhéanamh chun é a shábháil,
Chuaigh sí níos faide isteach sa phluais, isteach in uachais na hollphéiste,
Bhí sí réidh lena claíomh,
Léim sí ar an ollphéist agus mharaigh sí é,
Bhíodar slán faoi dheireadh agus bhí deireadh tagtha leis an tseilg.
Beidh ar Dhaid seilg nua a chumadh i gcomhair amárach

‘Nach bhfuil a máthair in Vogue?’

le Claire Murphy
céimí BOid 2021

I dteach mór, aláinn, cailín óg,
Tá gach rud aici, nach bhfuil a máthair in Vogue?

Tá a leabhair is a bréagáin costasach go léir,
Ach ní bhíonn sí ag súgradh leo amuigh faoin spéir.

Faigheann sí éadaí is bróga gach uile lá,
Ach céard faoi bharróga? Céard faoi ghrá?

Is aoibhinn léi seacláid, agus uaireanta pióg úll,
Ach ní bhíonn siad sa teach, níl siad “sláintiúil”.

Tá aithne ag na mílte ar a mam faoi láthair,
Ach is mainicín faisin í, ní máthair.

I dteach mór, aláinn, cailín óg,
Tá gach rud aici, nach bhfuil a máthair in Vogue?

Daideo
Katie Mahon
céimí BOid 2021

Shuigh sé ansin,
Ina chathaoir, sona sásta,
Ina theach, in aice leis an Rinn,
Ag ithe brioscaí blasta,

Lena chuid tae,
Os comhair na teilifíse,
Ag deireadh an lae,
Ag insint scéalta nach gcreidfimis,

Chónaigh sé leis féin,
Ag obair amuigh faoin aer,
Thar na sléibhte sin i gcéin,
Nuair a bhí an ghrian sa spéir,

Cosúil le Daidí na Nollag,
Le gruaig bhán 's féasóg,
Madra in aice leis ar an tolg,
Agus é ag mungailt bróg,

Ach sciorrann an t-am róghasta,
Fásann daoine, téann siad thar lear,
Anois, táim i mo dhuine fásta,
Agus táim uaigneach, ag smaoineamh ar an bhfear.

Ó a Dhaideo, beidh tú beo, go deo.

Tiomáint Meán Oíche
Emmet Bellew
BOid2

Tá an ghealach ag lonrú lena réaltaí sa spéir.
Tá tú ag tiomáint 's mo chuid gruaige ag séideadh san aer.
Tá do raidió briste ach is cinnte gur cuma linn
nuair a líonann an nádúr an tost – an abhainn,
an ghaoth, éin ag fiach, ár ngáire.
I do charr táimid i bhfad ó eagla agus náire.
Casann tú do cheann i mo threo le gáire agus
feicim do sheoidíní – do shúile – lán le solas.
“An bhfuil fonn ort dul ar strae?”
Ionadh. Imní. Ní tada le rá agam ach “okay”.
Cuireann tú do chos síos. Méadaíonn an luas.
Táim i mbrionglóid. Ar ard nua. Nílim ag teacht anuas.
Táimid óg. Saor. Dosháraithe – ag fágáil daoirse na cé.
Go tobann! An crann! Stop gach rud...agus b'shin é.

Haikuanna Covid
le Darragh O'Keeffe
céimí BOid 2021

Géibheann

Greamaithe sa teach
Tá leadrán orainn go léir
Lig dom dul amach.

Spórt

Níl iomáint ar siúl
Níl fiú rugbaí ná sacar
Tá gach rud ar ceal

Cáca?

Níl aon phlúr sa teach
Níl aon phlúr sa siopa ach,
Is fuath liom bÁCáil

Fadhbanna teicneolaíochta

Cuirim glaoch ar Zoom
Mothaíonn muid ár gcairde uainn
“Cas air an fhuaim!”

Sceideal an lae

Dúisím ag a hocht
Codladh beag sa tráthnóna
Leaba roimh a deich

2km

Cúig shiúlóid gach lá
Timpeall, timpeall i gciorcaí
An madra traochta!

Leochaileach

le Jess Ní Ghallachóir
BEdLan3

Is dream leochaileach muid.

dream atá i gcónaí ag athrú, áfach

i gcónaí ag forbairt.

Dream na nua-aoise.

Dream a bhfuil fios na teicneolaíochta ag a gcuid lapadáin.

Ré na hintleachta saorga, 5G, tiomáint fhéinrialaithe -

“Alexa”.

Dream sláintiúil.

“Comhfhiosach” ar chúrsaí folláine.

An veigeánachas amh agus aistí aisteacha eile.

An avocado toast i ndiaidh oíche lán Ket, Cóc agus piollaí.

Nach deas an cothromachas.

Nóiseáin na huaire.

Daoine nó tréad caorach?

Réidh le léim ar an chéad treocht eile.

Cé hiad na scabhtálaithe? Na ceannródaithe agus na híocóin?

Ní muidne.

“De ghrá na héascaíochta”.

Éasca fáillí a dhéanamh ar an timpeallacht.

Áthchúrsáil? Am. Iarracht.

Be grand. Níl ann ach cupán amháin.

Plaisteach, mascanna, truailliú.

De ghrá na héascaíochta. Grá?

Bréaga agus caimiléireacht.

Ní muinín ach leathmhuinín. Ach -

nach an rud céanna iad le déanaí?

Creidimid ar aon nós é.

Níl ionainn ach fichillíní.

Is muid ag díol ár n-eolais chuile lá, saor in aisce.

Tá muid lipéadaithe acu.

Ár mbearta réamhchinntithe acu.

Ár n-airgead acu.

Tinneas intinne nó intinn thinn.

Mura bhfuil muid ansin,

déanfaimid an jab muid féin.

Ár n-intinní agus smaointe na naimhde is mó atá againn.

Dream díomasach.

Díoma orainn os comhair an scátháin.

Má tá airgead i do phóca,

déanfaidh an scian níos fearr é.

Mura bhfuil, is cuma.

Cén praghas atá ar shonas?

Is dream leochaileach muid.

Is cuma cé thú,

Cé mhéad atá i do chuntas,

Cé chomh hálainn is atá tú

Nó do “veigeánachas amh”.

Is cuma, leis an víreas.

Na Figiúirí
le Katie Mahon
céimí BOid 2021

'In Éirinn inniu, deimhníodh ceithre chéad cás.
Tá na figiúirí ag bisiú, níl ach cúigear tar éis bháis.'

'Cúigear'.

Uimhreacha.

Níl iontu ach staitisticí.

Figiúirí anaithnide - gan anam, gan saol.

Ach tá na figiúirí ag bisiú, nílimid i mbaol.

Sochraid eile; gan tórramh, gan slua.

Comhbhrón fíorúil - nach mór é an trua?

Bean chéile ina haonar, ag uair a báis,

Mac gan mháthair, agus é ag fás,

Daideo in easnamh, óna áit ar an tolg,

Cathaoir fholamh ag an mbord, i rith na Nollag,

Brídeog gan athair, ag siúl chun na haltóra.

Ach ní luaitear a n-ainmneacha. Níl aon chomóradh.

Agus amárach,

déanfar dearmad orthu.

's muid ag fanacht ar na figiúirí is déanaí.

Taobh istigh
le Niamh McCauley
céimí BOid 2021

Ag fánacht taobh istigh,

Nó in ár ngairdín taobh amuigh,

Le gach anáil a thógaimid,

Is saol eile a shábhálaimid.

Bímid ag bácáil 'is ag obair timpeall an tí,

Ag léamh, ag scríobh is ag spraoi,

Gach uile theaghlach mór nó beag atá,

Ag cruthú cuimhní deasa gach uile lá.

Mar sin fanaimid scartha ach le chéile in ár gcroíthe,

Ag smaoineamh ar a chéile sáinnithe inár dtithe,

Ach tiocfaidh an deireadh, gach duine ag ceiliúradh,

Mar dá fhada an lá tagann an tráthnóna.

Roimh Bhreacadh an Lae

le Kaytlyn Walsh
BOId2

Ag siúl síos an bóthar, a shiúil mé gach lá
ach anois sa dorchadas, nílim ábalta a rá
cad atá difriúil faoin mbealach anois,
an ghealach ag stánadh orm, tumtha sa chiúnas.

Ag streachailt suas an cnoc le cosa traochta
Táim slogtha i marbh na hoíche
Fágтар mé le greim an fhir bháite
Ar na cuimhní a bhí agam agus na hamanna spráíúla

Ach ansin beagán dóchais ag cogarnach go suaimhneach
Ardaím mo cheann agus feicim soilse ag glioscarnach
Soilse Nollag ag fáscadh díonta is ag gobadh amach as fuinneoga
Lampaí sráide lonracha, cosúil le lampróga ag súgradh

An ghrian ar m'aghaidh ag barr an chnoic
Ruaigtear na scáthanna agus stoptar an raic
An daonra a bhí iargúlta ag bailiú arís ar ais
An t-éirí gréine a chuirfidh tús le ré nua inár gcroíthe;
ár gcaillteanais

Smaointe san oíche

le Kellie Ní Chuinneagáin

Ba chóir go mbeinn i mo chodladh,
Ach táim im' shuí le smaointe,
Smaointe dearfacha faoin todhchaí amháin,
'S cá rachaidh mé.

Smaointe de mhargaidh ildaite agus bianna difriúla blasta,
Daoine ag insint scéalta trí dhamhsa,
Ní bheidh focail á rá.

Oíche mheirbh ar an trá,
Gan dabht san aer,
Ach píosa grá.

Ní bheinn ar meisce 's ní bheinn ag ól.
Tá na cuimhní níos tábhachtaí sa saol atá romhainn.
Na réalta ag lonnrú anuas orm.
Ba chóir go mbeinn i mo chodladh
Ach táim im' shuí le smaointe.

Is dalta í Kellie atá ag freastal ar Scoil Chaitríona i nGlas Naíon. Tá sí seacht mbliana déag d'aois. Is as Baile Munna í. Scríobh sí an dán seo anuraidh, nuair a bhí sí san idirbhliain. Tá grá ollmhór aici don Ghaeilge.
Bhí Réaltán Ní Leannáin, scríbhneoir cónaithe DCU 2019, ag obair le Scoil Chaitríona i 2020.
D'eascair an dán seo ón obair a rinne sí le lucht na hidirbhliana.

Sa Bhaile
le Róisín Conroy
céimí BOid 2021

Mé sa bhaile ar mo sháimhín só,
Ag féachaint amach an fhuinneog ar chúpla bó,
Braitheann an lá rófhada,
Cé nach bhfuil mé ag déanamh tada.

Téim ar chúpla siúlóid anois is arís,
Is léir ó m'aghaidh go bhfuil mé ar bís,
Chun dul amach san aer úr,
Is cuma má bhím fuar.

Ní fhéidir a shéanadh go bhfuil sé aisteach,
Agus, ar ndóigh, níl sé ar chor ar bith taitneamhach,
I gcónaí a bheith istigh sa teach,
Gan a bheith in ann dul amach.

Ní théann muid go dtí an chathair,
Toisc go bhfuil muid buartha go mbeidh an iomarca daoine i láthair,
Mar is eol do chách, tá an daonra ag gearán,
Toisc go bhfuil na siopaí gan arán.

Táim ag iarraidh cuairt a thabhairt,
Ar theach mo sheanmháthar ach táim lán de bhuairt,
Sáinnithe sa teach, bím i gcónaí ag bácáil,
Is ag ithe gach uile rud atá le feiceáil.

Seanmháthair
Rút Nic Giolla Dé
BAJH4

I solas dóite bog an tráthnóna
Mo thriamhna ag druidim orm

Na hoícheanta níos faide
Na geimhrí níos doilí
Agus braithim uaim thú.

Ag gearradh mo chuid gruaige
Guíonna á rá i gcogar liom

Ag pógadh m'éadain
Ag roinnt do sceallóga liom

I solas bog dóite an tráthnóna
Do ghrá ag druidim orm

Na laethanta níos teo
Na hearraigh níos gile
Agus braithim uaim thú

Ach

Tá do shonas i mo dhlaoithe
Do ghuíonna i mo chroí

Do spiorad ag pógadh m'éadain
Ag roinnt do sceallóga liom

Na séasúir ag casadh
An t-am ag imeacht

Fós, táim cailte gan thú

Àbhar do itistí phoib



Áille agus Allta

Sarah Anne Byrne
céimí BOid 2021

Dé hAoine – ceathair a chlog.

Féach air. Ag tabhairt orduithe do gach duine. Boc tiarnasach.

Bíonn sé ag sodar i ndiaidh na n-uasal.

“Cad atá tú a dhéanamh? An bodhrán balbh thú? Sciúr an t-úrlár. Déan deifir!” ar sé le cailín óg.

Táim ag obair sa chaisleán le tríocha bliain anuas agus bhí mé i gcónaí sásta ann. Ach fuair an rí bás agus thóg a mhac an ríchathaoir. Tá sé drochbhéasach agus éagórach.

Tá sé éadrócaireach freisin. Táimid inár gcónaí in ifreann anois. Níl sé ceart. Tá sé ar m'intinn le déanaí ceacht a mhúineadh dó. Ach cad? Caithfidh mé dul ar ais ag obair anois. Beidh cóisir mhór anseo anocht.


Dé hAoine – Deich a chlog

Féach air anois. Gach cailín timpeall air. Truamhéalach. SIN É.

Sin mo cheacht. Cuirfidh mé é faoi gheasa. Geis uafásach. Beidh sé gránna cosúil lena phearsantacht.

Beidh starrfhiacra fíochmhara aige. Beidh crúba aige. Beithíoch allta. Agus ní thiocfaidh éinne go dtí an caisleán go deo arís.

Beidh sé ina aonar agus ní bheidh sé in ann duine ar bith a ghortú. Nuair a fhoghlaimoidh sé a cheacht agus nuair a thaispeánfaidh sé cumas grá, b'fhéidir go mbainfidh mé an gheis. B'fhéidir.





An bhfaca tú mo Shéamuisín
le Tiarnán McGonnell
céimí BOid 2021

An bhfaca tú mo Shéamuisín?

Níl tuairim dá laghad agam faoi,
B'fhéidir go bhfuil síos an boithrín
Níl sé ach beagnach a naoi

An bhfaca tú mo Shéamuisín?

Tá a chuid dinnéir réidh,
Nuair a fheicfidh mé mo Shéamuisín
Maróidh mé é!

An bhfaca tú mo Shéamuisín?

Tá sé in am dó dul a luí.
Tá seans go bhfuil sé le hAoibhinn
Ag caitheamh a gheansaí bhuí.

An bhfaca tú mo Shéamuisín?

Táim iontach buartha faoi.
An mbeadh sé ag caitheamh toitín?
Ní bheadh!.. Níl sé ach beagnach a naoi.

An bhfaca tú mo Shéamuisín?

Chonaic mé é sa pháirc.
An bhfuil sé ag imirt le cailín?
Níl! Tá sé ansin le Marc!

Ó mo Shéamuisín.

Céard is maith leat le Caoimhe Nic Ursain BOid4

Is maith liom gaineamh
Is maith liom an trá
Is maith liom an fharraige
Téim ann gach lá



Is maith liom tarracóir
Is maith liom an fheirm
Is maith liom sicíní
's na hainmhithe timpeall orm

Is maith liom scoil
Is maith liom mo chairde
Agus mo chara Seán
Atá sé troithe ar airde

Is maith liom peil
Is maith liom spóirt
Imrím le mo dheartháir
Gach uile short

Is maith liom an pianó
Is maith liom ceol
Ach níl na drumaí
Foghlamtha agam go fóill

Is maith liom filíocht
Is maith liom leabhair
Léim go minic
Tá mo leabharlann an-mhór!

Lá Scoile le Donagh Williams céimí BOid 2021

Dhúisigh mé ar maidin
Le mo mháthair ag screadaíl
Bhí gach duine ag éirí óna gcodladh
Agus bhí na héin sa spéir ag feadaíl

D'ith mé mo bhricfeasta
Agus bhí sé in am dul ar scoil
D'fhiafraigh mé de mo mháthair
'An bhfuil cead agam fanacht sa bhaile, le do thoil?'

Bhí mo chairde ag geata na scoile
Is dóigh liom go raibh siad ar bís
B'fhéarr liom féin a bheith sa bhaile
Ag féachaint ar na cartúin ar an teilifís

Thosaigh mé ag brionglóid
Fad is a bhí mé i mo shuí
Bhí na hEilifintí ag eitilt
Agus bhí na muiscítí ag guí

Faoi dheireadh, bhí an lá thart
Agus rith mé ar nós na gaoithe go dtí an bus
Nuair a bheadh m'obair bhaile déanta agam
Dár ndóigh ... beidh sé in am don sos

Tar éis tamaill bhí an oíche tagtha
Agus amárach beidh mé ag caoineadh
Ansin bhuail sé liom go tapaigh ...
'Ó rinne mé dearmad, amárach Dé hAoine!'



Cinnín Óir

Jamie Mac Aodha céimí BOid 2021

An chéad rud atá le rá agam ná go dtugann achan duine Babaí Béar orm, ach ní hé sin m'ainm ar chor ar bith. Sam is ainm dom agus níl mé ach beag bídeach. Bhuel, sin an rud a shíleann achan duine! Is í Cinnín Óir mo chara is fearr ar domhan. Réitíonn muid go han-mhaith le chéile! Téann sí sa tseans go minic ach ní páiste olc í!

Bhuel, níl sí go holc liom féin cibé ar bith... Lig domhsa an scéal mar is ceart a insint daoibh agus feicfidh sibh!! Thosaigh sé uilig nuair a bhí mé ag gearán faoi mo bhriceasta, "Brachán arís... tá sé i bhfad róthe!" a dúirt mé.

Labhair Dadaí ansin, dúirt sé le Mamaí, "D'íosfadh sé é dá mbeadh go leor ocrais air!" Sula raibh a fhios agam cad é a bhí ar siúl, bhí muid uilig ag dul amach ar an doras le dul ar siúloid.

"Fan áit a bhfuil muid ábalta tú a fheiceáil, a Bhabaí Béar," a scairt Mamaí. Rith mise liom rompu.

"Stad! Ná téigh chomh gasta sin, a Bhabaí Béar," a scairt Dadaí Béar.

Stampáil mise mo chos go trom, "Sam an t-ainm atá orm! Is fuath liom Babaí Béar". Tháinig fearg orm agus leis sin, d'imigh mé ar shiúl liom féin agus ghlac mé mo chonair rúnda 'na bhaile.

Nuair a shroich mé ár dteach, chuala mé glór strainséara ag teacht ón teach: bhí duine éigin taobh istigh! Ní raibh a fhios agam cad le déanamh. Ar chóir dom rith ar ais chuig mo Mhamaí agus Dadaí le cuidiú a fháil? Ar chóir dom an duine a scanradh ar shiúl ón teach? Smaoinigh mé, rithfeadh Babaí Béar ar shiúl ach ní rithfeadh Sam... Leis an smaoineamh cróga seo, d'amharc mé tríd an fhuinneog le leathshúil, agus chonaic mé cailín ag glacadh grianghraif ar a fón póca.

"HÁ! Múinfidh seo ceacht do Chochaillín Dearg gan mo dhúshlán a thabhairt," a dúirt sí faoina hanáil. "Ní dhiúltaíonn Cinnín Óir do dhúshlán riamh," a dúirt sí le háthas an domhain uirthi. Stop sí ar feadh soicind ag na babhlaí bracháin. "Ewww", a dúirt sí.

D'aontaigh mé léi! Thaitin sí liom cheana féin. Ghlac Cinnín Óir pictiúr di féin agus í ina suí i gcathaoir mo dhaidí, agus ansin cathaoir mo mhamaí. "An bhfuil tusa ag iarraidh cruthúnais, a Chochaillín?" ar sí, "Seo anseo é!" agus siotgháire ar a haghaidh bheag bhán. Ansin ghlac sí pictiúr agus í ina suí i mo chathaoir féin, nuair a sheas sí suas bhí an chathaoir greamaithe lena tóin. Léim sí suas agus anuas, bhí sí ag luipearnach, agus sa deireadh thug sí buille maith don chathaoir agus thit sí di...

i bpíosáí agus i ngiotaí. Bhí sé dochreidte. "Bhúps," a dúirt sí agus náire uirthi.

Sin mo chuid airgid phóca ar shiúl don tseachtain, a shíl mé, mar bheadh orm ceann úr a cheannacht! Bhí an chathaoir sin ag éirí i bhfad róbheag domh, níor chuir sé isteach nó amach orm!

Ansin d'imigh sí i dtreo an staighre. Thapaigh mé an deis dul isteach ina diaidh. Thuas staighre chaith Cinnín Óir di a cuid bróg (nach deas go raibh sí ag smaoineadh orainn!). D'amharc mé isteach mar bhí an doras ar leathoscailt. Thosaigh sí ag léim ar leapacha mo mhamaí agus mo dhadaí ansin ghlac sí físean di féin ag léim agus ag gáire. "Ní chreidim go bhfuil mé á dhéanamh seo!" a dúirt sí agus í ag gáire. "Ní raibh cead againn léim ar na leapacha i mo theach féin agus, seo mé á dhéanamh agus ag fáil ar shiúl leis!"

Leis sin, bhuail mé cnag beag ar an doras, "ÁÁÁÁ!!" a scread Cinnín Óir.

"Lig isteach mé, ní inseoidh mé do dhuine ar bith," a dúirt mé go séimh léi. D'oscail sí an doras agus isteach liom. Ansin go gasta fuair muid aithne ar a chéile. Dúirt sí go raibh sí buartha gur bhris sí isteach. Bhí múineadh ar dóigh orainn!

Agus ansin, léim, léim, léim agus léim muid arís is arís! Go dtí gur chuala muid mo mháthair ag scairteadh ón choill. “Baaaaabaí Bééééar!! Cá bhfuil tú?”

D’ardaigh Cinnín Óir mala agus iontas uirthi, “Babaí Béar?” ar sí “An bhfuil tú dáiríre?”

“Ná bac leis sin,” a dúirt mé léi. “Seo é an plean atá agam!”

Rith mé síos an staighre nuair a bhí mo chuid tuismitheoirí ag teacht isteach an doras. “Babaí Béar,” arsa mo mháthair agus cuma imníoch uirthi. “Is maith go bhfuil tú ceart go leor!”

“Tá stocaire thuas staighre!” a dúirt mé leo.

“Shíl mé go raibh sé de chiall agat gan a bheith ag cumadh scéalta,” a dúirt Dadaí. Shuigh siad síos lena gcuid bracháin a ithe, agus é chomh tirim agus chomh fuar.

Thaispeáin mé mo chathaoir bhriste dóibh. “Amharc! An stocaire a rinne seo!” a dúirt mé leo agus píosa de mo chathaoir i mo lámh.

“Nach bhfuil sin iontach dána,” a dúirt Dadaí liom, “ag briseadh cathaoireach nach raibh rud ar bith cearr léi, lenár n-aird a fháil.”

“Ach chonaic mé í!” a dúirt mé agus fearg ag teacht orm nár chreid sé mé. “Goitse liom!”

Tharraing mé suas an staighre iad agus thaispeáin mé na héadaí leapa dóibh.

“Tá a fhios agat nach bhfuil cead agat léim ar na leapacha, a Bhabaí Béar!” a dúirt siad liom.

“Ach ní mise a rinne é? An stocaire a bhí ann!” a dúirt mé leo agus mé á mbrú iad i dtreo mo sheomra. Nuair a shroich siad mo leaba...

“Búúúú!” a scairt Cinnín Óir. An rud a tharla ina dhiaidh sin, ba mhór an seó é.

“RITH, RITH!!” a scread Dad.

“Go dtí áit atá sábhailte!” a scairt Mamaí. “Agus muna n-éiríonn linn, tá grá an domhain ag an bheirt againn duit!”

Rinne mise cinnte go bhfaca siad mé ag dul sa tóir ar Chinnín Óir, ach ní raibh muid ach ag aisteoireacht, bhí sise ag screadach agus bhí mise ag gnúsachtach freisin ach ní raibh muid i ndáiríre. Thug muid ár n-uimhreacha gutháin dá chéile.

Bhí Mamaí agus Dadaí chomh bródúil as an chrógacht a thaispeáin mé gur thug siad gach rud a bhí mé a iarraidh domh. Cathaoir níos mó, calóga arbhair níos deise in áit an bhracháin, agus gheall siad nach dtabharfadh siad Babaí Béar orm níos mó. Bhuel, bhí rud amháin nach bhfuair mé, ní thiocfadh liom léim ar na leapacha.

“B’fhéidir anois is arís?” a cheistigh mé.

“NO!” a dúirt Dadaí liom.

Bhí maith agam iarracht a dhéanamh agus an cheist a chur!



Codladh Céad Bliain

Niamh Hetherington céimí BOid 2021

Ar smaoinigh tú riamh ar conas a bheadh do shaol dá mbeifeá i do chónaí i gcorp nó in áit nár thaitin leat? Áit choimhthíoch? Bhuel, fáilte chuig mo shaol.

Is fuath liom mo shaol, is fuath liom mo cheantar agus is fuath liom na daoine ardnósacha go léir atá ann! Ach níl an locht ormsa, geallaimse duit. Bhínn i mo chónaí in áit álainn, ghalánta tráth dá raibh; mo theaghlach agus mo chairde go léir i mo thimpeall. Bhínn sona sásta. Ach ansin bhí mí-ádh an diabhair orm. Gabhadh mé agus tógadh chuig an bpoll ifrinn seo mé. An Ríocht a ghlaoitear uirthi (cé nach bhfuil an t-ainm sin tuillte aici i mo thuairimse), agus ar chúis éigin is sióg mé?! Mise?

Is mór idir mé anois agus an cailín spórtúil, bríomhar a bhíodh ionam nuair a bhí mé i mo bhaile dúchais. Ní thuigeann na daoine anseo mo chás. An tSióg Dhubh a thugtar orm. Is cuma leo fúm, nó faoi mo scéal, m'oidhreacht nó na deacrachtaí a bhíonn romham gach aon lá agus mé sáinnithe in áit choimhthíoch, mhínádúrtha.

Ar aon nós, chuala mé ráfla go bhfuil banphrionsa nua sa cheantar, agus go mbeidh cóisir mhór ar siúl anocht le háilleacht agus saol an bhanphrionsa seo a cheiliúradh. Níor tugadh cuireadh dom (iontas na n-iontas!). Ach ná bíodh imní ort. Tá plean agam...



Stríoca Sainiúla Sheena

Michaela Donnelly BOid4

Tháinig an lá faoi dheireadh! Bhí sé beartaithe ag Sheena an séabra éalú óna rannóg sa zú. Chinntigh sí fanacht go dtí go raibh an coimeádaí zú ina chodladh. Ní raibh sí sásta a bheith ina séabra níos mó!

Bhuail an clog a hocht a chlog, bhí sí tar éis béile mór blasta a bheith aici agus bhí a bolg chomh lán le madra an bhúistéara. Bhí sí réidh le tosú ag tochailt, thosaigh sí ar luas lasrach, gan stopadh go dtí go raibh poll mór domhain ag dul faoi na barraí. Bhí allas ag rith síos a ceann, ní raibh na stríocaí le feiceáil ar a cosa de bharr an chlábair.... Agus bhí sí sásta faoi. Faoi dheireadh, tar éis trí uair an chloig ag tochailt, fuair sí amach as a rannóg.

"Hmm, ba bhreá liom a bheith níos airde," a dúirt sí léi féin. Chuaigh sí go dtí rannóg na sioráf. "Dia daoibh, is mise Sheena, ní maith liom chomh beag is atá mé. An féidir liom a bheith i mo shioráf, le do thoil?" a d'fhiafraigh sí. Thosaigh na sioráif ag gaire.

"Ní féidir leat a bheith i do shioráf, is séabra tú agus tá méid foirfe ionat mar shéabra," a dúirt an sioráf is airde léi. Shiúil Sheena ar aghaidh.

"Hmm, ba bhreá liom a bheith níos cliste," a dúirt sí léi féin. Chuaigh sí go dtí rannóg na n-eilifintí.

"Dia daoibh, is mise Sheena, ba mhaith liom a bheith níos cliste. An féidir liom a bheith i m'eilifint, le do thoil?" a d'fhiafraigh sí. Thosaigh na heilifintí ag gaire trína dtruncaí. "Ní féidir leat a bheith i d'eilifint, is séabra tú agus tá tú an-chliste," a dúirt an eilifint is sine. Shiúil Sheena ar aghaidh.

"Hmm, ba bhreá liom a bheith níos láidre," a dúirt sí léi féin. Chuaigh sí go dtí rannóg na dtíogar. "Dia daoibh, is mise Sheena, agus ba bhreá liom a bheith níos láidre. An féidir liom a bheith i mo thíogar, le do thoil?" a d'fhiafraigh sí. Thosaigh na tíogair ag gaire lena bhfiacra géara. "Ní féidir leat a bheith i do thíogar, is séabra tú agus tá tú an-láidir," a dúirt an tíogar is mó. Shiúil Sheena ar aghaidh.

Bhí díomá ar Sheena. Chuaigh sí go dtí rannóg na moncaithe. "Dia duit is mise Sheena, níl mé sásta mar shéabra, an féidir liom a bheith i mo mhoncaí, le do thoil?" a d'fhiafraigh sí. Thosaigh na moncaithe ag gaire. "Cén fáth nach bhfuil tú sásta, tá stríocaí galánta ort nach bhfuil ag aon ainmhí eile sa zú," arsa an moncaí a bhí ag luascadh ó chrann go crann. "Ba mhaith liom a bheith i mo shéabra, is féidir libh rith go gasta, tá sibh an-láidir agus tá tú níos airde na muidinne," a dúirt moncaí eile.

Níor smaoinigh Sheena an séabra uirthi féin mar ainmhí sainiúil riamh ach bhí an ceart ag na moncaithe. Bhí stríocaí bána agus dubha galánta uirthi, bhí sí ard, bhí sí cliste, bhí sí láidir.... BHÍ SÍ FOIRFE MAR A BHÍ SÍ!

Rith sí abhaile go dtí rannóg na séabraí agus thit sí ina codladh tar éis an lae fhada a bhí aici. D'éirigh sí ar maidin agus ar an taobh eile de na barraí bhí na céadta daoine ag stánadh uirthi agus ag glacadh grianghraf. Faoi dheireadh, dúirt Sheena léi féin, "Is breá liom a bheith i mo shéabra!"



An Leabhar

Katie Mahon BOid4

D'éirigh an ghrian os cionn na gcnoc agus bhí an ghrian ag scaladh trí na crainn. Bhain ceol na n-éan macalla as na coillte. Mhóthaigh Bláithín teas na gréine ar a haghaidh. Chuimil sí an codladh as a súile. Shín sí í féin, bhí cor ina muineál nuair a dhúisigh sí. Bhí leaba de shaghas éigin déanta aici as duilleoga tite ar thalamh na foraoise.

"A leithéid de chur amú ama!" a dúirt sí léi féin faoina hanáil. "Ní fhaca mé tada!"

Sheas sí suas agus scuab sí na duilleoga dá cóta lena lámh.

"Tá sé in am agam dul abhaile," ar sise de chogar.

Phioc sí suas an leabhar ársa lena leathanaigh bhuí. Bhí díoma an domhain uirthi. Lig sí osna dhomhain aisti.

"Caithfidh sé nár thuig mé an scéal i gceart..." arsa Bláithín trína fiacra agus chaith sí uaithi an leabhar. Díreach ansin, chuala sí torann.

"Ouch!" arsa glór beag. Rinneadh staic de Bhláithín. Níor bhog sí ar feadh tamaill.

"Cé atá ann?" a bhéic sí faoi dheireadh i dtreo an ghlóir.

Ach ní bhfuair sí freagra ar bith. Ní raibh ach ciúnas iomlán ann. Bhí a fhios aici go raibh duine éigin i bhfolach sna sceacha. Mhóthaigh sí ina cnámha é. Phioc sí suas cloch agus chaith sí í, sa treo céanna a chaith sí an leabhar. Chuala sí rud éigin, bhí sí cinnte. Phioc sí tuilleadh cloch suas agus chaith siad iad arís agus arís eile.

"As ucht Dé, éirigh as!" arsa an guth, le teann feirge.

"Tar amach agus stopfaidh mé!" a d'fhreagair sí go bagrach. Bhí cloch eile ina lámh aici.

"Nach ndúirt éinne leat go bhfuil sé drochbhéasach cloch a chaitheamh?!"

Leath an dá shúil uirthi. Níor chreid sí an rud a bhí roimpi. Chuimil sí a súile le díchreideamh. Sheas Bláithín ag stanadh air le hiontas agus a béal oscailte.

"Agus nach ndúirt éinne leat go bhfuil sé drochbhéasach a bheith ag stánadh freisin?" ar sé, a dhá lámh trasna ar a chéile aige.

Ní raibh sí in ann é a chreidiúint. Ní raibh bréag sa leabhar – fíorscéal a bhí ann. Díreach os a comhair, ag labhairt léi, bhí greimlin bheag.



Ciúnas

Ciara Smith céimí BOid 2021

Bhí ciúnas iomlán sa charr. Choinnigh mé greim docht ar mo dheirfiúr ar fhaitíos go mbeadh muid scartha ó chéile. Ba é sin ár n-ábhar imní is mó. Thug mé aire mhaith di ón lá a bhí orainn bogadh amach as ár mbaile. Bhí deora na súile liom nuair a d'fhéach mé ar an gcás a bhí againn.

D'iompair muid an cás sin agus níor lig muid as ár radharc é. Cheapfadh duine go raibh rudaí tábhachtacha istigh ann ach ní raibh sé sin fíor mar d'fhág muid na nithe ab ansa linn inár ndiaidh. Níor labhair an lánúin linn. B'fhéidir go raibh siad neirbhíseach chomh maith. Ach is dócha gur ormsa a bhí an milleán toisc go raibh cuma ghliobach orainn.

Lean an fear ar aghaidh ag tiomáint. Líon an carr le boladh tais mar gheall ar na héadaí fliucha a bhí muid a chaitheamh. D'fhéach mé amach as fuinneoga an chairr agus bhí cnoic faoi bhrat crann ar an dá thaobh. Cá raibh muid ag dul?

Ní raibh aon leid agam. Ní raibh aon smacht againn ar ár gcinniúint féin. Leag mo dheirfiúr a ceann ar mo ghualainn. Dhún mé mo shúile agus ghuigh mé go mbeadh saol níos fearr i ndán dúinn.



An Bhróg

Donagh Williams céimí BOid 2021

Dia duit! Dia duit! DIA DUIT!!! Tá mé thíos anseo! An bhfuil tú in ann mé a chloisint? Ní bhíonn sé ag éisteacht liom ar chor ar bith. Táim bréan de seo. Bíom fágtha sa bhosca bróg an t-am ar fad. Ó, tá brón orm, níor chuir mé mé féin in aithne daoibh.

Is mise Barry Bróg. Is bróg reatha mé. Is le Conor de Brún mé. Níor caitheadh mé le bliain, trí mhí agus seacht lá. Breithlá Phádraig Mhic Liam a bhí ann. Is cuimhin liom an lá go soiléir. Tá mé anseo sa bhosca bróg ó shin i leith. An bhfuil rud éigin cearr liom? An bhfuil aon rud déanta agam air?

Anois ní chaitheann sé ach na brógaí is nua ón siopa Adidas. Níl a fhios agam cad a fheiceann sé iontu. Sea, tuigim go bhfuil siad glan, an dath bán le feiceáil i ngach áit, lógó mór orthu agus bíonn siad á gcaitheamh ag an réalt sacair Lionel Messi, ach fós ní thuigim é. Bhí mise mar an gcéanna leis na brógaí sin uair amháin. Mé féin agus mo chara Benny Bróg. Bhí muid ar na brógaí is mó a thaitin le Conor. Chuaigh muid gach áit le Conor.

An pháirc pheile, an t-ionad siopadóireachta agus fiú go dtí Disneyland sa Fhrainc. Níl Benny feicthe agam le fada an lá, ach tá plean agam chun é seo a athrú ag tosú inniu...



An Reilig

Darragh O’Keeffe céimí BOid 2021

D’oscail mé mo shúile, ach fós ní raibh mé in ann aon rud a fheiceáil. Chaith an ghaoth mo chuid gruaige siar. Nuair a mhothaigh mé an ghaoth, thug mé faoi deara cé chomh fuar is a bhí mé. Ní raibh mé fuar toisc go raibh an t-aer fuar, bhí mé fuar toisc go raibh an ghaoth ag séideadh ar mo chraiceann fliuch. Bhí saghas feanntachta sa ghaoth. Shíl mé i dtús báire gur báisteach a bhí ann, ach mhothaigh m’aghaidh saghas salach. Nuair a d’oscail mé mo bhéal, bhlaís mé an salann agus thug mé faoi deara gur cois farraige a bhí mé.

Chuir mé mo lámh i mo phóca agus d’aimsigh mé lastóir. Chas mé ar siúl é. Go mall, chuaigh mo shúile i gcleachtadh ar an dorchadas agus píosa ar phíosa, bhí mé in ann cruthanna aite a fheiceáil timpeall orm. Tar éis tamaill, thug mé faoi deara gur leaca uaighe a bhí iontu.

Chuir mé solas mo lastóra i dtreo ceann do na leaca.

“Darragh O’Keeffe

1998-2019

Ar dheis lámh Dé go raibh a anam”

Lig mé béic asam. D’fhéach mé ar an leac uaighe ar mo thaobh clé agus dúirt sé an rud díreach céanna, chomh maith leis an gceann ar dheis. Thóg mé coiscéim amháin chun tosaigh ach chomh luath is a d’ardaigh mé mo chos, tháinig na céadta, mílte francach ag rith amach as m’uaigh. Thosaigh mé ag rith ach tar éis cúig chéim, thit mé isteach in uaigh fholamh. Thosaigh an uaigh ag líonadh go tapaigh le francaigh. Ní raibh mé ábalta fiú iarracht a dhéanamh dreapadh amach – bhí an iomarca de na diabhal creimirí. Sula raibh a fhios agam, bhí an uaigh lán. Agus go tobann, cosúil le draíocht, bhí an reilig ciúin agus dorchá arís. Gach leac ag rá an rud ceannann céanna, seachas an ceann deireanach:

“Darragh O’Keeffe

1998-2020

Ar dheis lámh Dé go raibh a anam”

Eagla

Claire Murphy céimí BOid 2021

Bhí eagla ar an mbuachaill. Bhí chuile rud dorchá ach cinnte, ní raibh sé ina aonar. Bhí duine eile, nó b’fheidir rud eile anseo freisin. Bhí an buachaill óg i bhfolach i gcófra sa chistin sa teach mór ar imeall an bhaile. Chuala sé i gcónaí go raibh taibhsí sa teach ach níor chreid sé é sin. Agus bhí an ceart aige. Ní taibhse a bhí ann ach ollphéist. Ollphéist mhór ghránna agus ag an nóiméad sin, d’oscail sé an cófra a raibh an buachaill i bhfolach ann.

D’fhéach an buachaill ar an ollphéist. Bhí craiceann glas aige agus bhí sé fliuch, ach ní raibh uisce air ach ramallae. Agus bhí boladh uafásach san aer, cosúil le huibheacha agus fínéagar meascáithe le chéile. Bhí an buachaill ag creathadh leis an eagla. Chuir an ollphéist a lámh isteach sa chófra chun an buachaill a phiocadh suas. Thosaigh sé ag labhairt:

“Tá cuma an-bhlásta ort, a ghasúir. Agus tá ocras ormsa...” Bhí guth gairbhéalach aige. Bhí an buachaill os comhair a aghaidhe anois. Bhí faithne ar a shrón agus bhí an faithne chomh mór le srón eile. Bhí fiacla géara agus liopaí scoilte aige.

Cinnte, ní bhuafadh sé aon duais d’áilleacht! Gan choinne, chuir an buachaill a fhiacla ar mhéar na hollphéiste agus bhain sé plaic as.

“ÁÁÁÁÁÁÁ!” a scread an ollphéist. Thit an buachaill ó lámh na hollphéiste agus thosaigh sé ag rith, ag rith níos tapúla ná riamh.



Na Trí Mhuc Bheaga

Emer Crosby céimí BOid 2021

Tá a fhios ag chuile dhuine an scéal faoi na Trí Mhuc Bheaga. Nó ar a laghad ceapann siad go bhfuil an scéal ar eolas acu. Ach ligfidh mé rún beag leat. Níl an fíorscéal ar eolas ag éinne, mar níor chuala siad mo thaobhsa den scéal fós. Is mise an mac tíre Rory T. Níl a fhios agam conas a scaipeadh an cheannlíne ‘An Mac Tíre Gránna’, ach tá sé iomlán mícheart. Baineann an fíorscéal le dhá rud: sraoth agus cupán siúcra.

SEO É AN FÍORSCÉAL.

Fadó fadó, breithlá mo mhamó a bhí ann agus bhí sé ar intinn agam cáca a bhácáil di. Bhí slaghdán uafásach orm an lá sin. Rith mé as siúcra. Mar sin, shiúil mé síos an tsráid chun cupán siúcra a fháil ó mo chomharsa. Muc a bhí sa chomharsa seo. Agus ní raibh sé róchliste, ach an oiread.

Bhí a theach iomlán tógtha aige as tuí. An féidir leat a leithéid a chreidiúint?

Is dócha nach raibh sé ar a chiall! Mar sin, ar ndóigh, bhuail mé ar an doras agus thit sé isteach. Níor theastaigh uaim siúl isteach gan cead, mar sin ghlaigh mé,

“A Mhuc Bheag, A Mhuc Bheag, an bhfuil tú istigh?”

Ní raibh aon fhreagra le cloisteáil.

Agus é díreach ar intinn orm dul abhaile, go tobann, bhí tochas i mo shrón. Bhraith mé sraoth ag teacht.

Bhuel, tharraing mé anáil mhór agus chuir mé sraoth iontach asam. Agus an bhfuil a fhios agat cad a tharla?

Thit an teach tuí síos go talamh. Agus cé a bhí ina luí, timpeallaithe ag an tuí ach an mhuc bheag – agus é chomh marbh le hart.

Lig mé béic mhór asam!



Cochaillín Dearg

Áine Ní Ghlinn



le caoincheád an Ghúima

Tosaíonn an dráma os comhair na gcúirtíní amach. Tá Cochaillín Dearg á réiteach féin leis an teach a fhágáil, ciseán aici agus Mamaí ag cur rudaí isteach ann.

Daidí: Cuir ort do hata,
Cuir ort do chlóca,
Seo cúpla euro le cur i do phóca.

Mamaí: Císte seacláide agus bosca milseán,
(ag cur rudaí sa chiseán) Briosaí deasa is builín aráin,
Isteach leo go léir,
Isteach sa chiseán.

Cochaillín Dearg: Tá go leor rudaí deasa anseo sa chiseán,
Císte seacláide is bosca milseán,
Briosaí deasa agus builín aráin.
Táim réidh le himeacht –
Grá mór agus ... Slán!

Caitheann Cochaillín póg le Mamaí agus Daidí agus tosaíonn ag siúl/ag sipeáil trasna an stáitse.

Mamaí: Bí cúramach is tú ag siúl tríd an gcoill,
Siúil leat go tapa is ná déan moill.

Daidí: Siúil leat go tapa is siúil leat go beo,
Díreach ar aghaidh go dtí teach do Mhamó.

Osclaítear na cuirtíní – An Choill ar stáitse (crainn, iora rua, coiníní, madra rua, bláthanna, éiníní). Téann Mamaí agus Daidí go taobh an stáitse ach ní imíonn siad ón stáitse.

An Choill: Bí cúramach is tú ag siúl tríd an gcoill,
Siúil leat go tapa is ná déan moill,
Siúil leat go tapa is siúil leat go beo,
Díreach ar aghaidh go dtí teach do Mhamó.

Siúlann Cochaillín chomh fada leis na crainn.

Scéalaí: Síos an bóthar léi – í ag siúl gan mhoill ...
Ansin ...
chuaigh Cochaillín Dearg isteach sa choill.

Osclaíonn na crainn amach roimpi chun í a ligean isteach. Siúlann Cochaillín isteach is amach tríothu.

Crainn: Fáilte romhat, a Chochaillín,
Fáilte romhat isteach.
Fáilte romhat, a chailín,
Ach bí CÚRAMACH!
Siúil leat go tapa,
Siúil leat go beo,
Siúil leat go tapa, a Chochaillín-ó,
Siúil leat go tapa go dtí teach do Mhamó.

Leanann Cochaillín uirthi ag siúl isteach is amach trí na crainn.

An Choill:

AMHRÁN

(Fonn: 'Here we go gathering nuts in May')

Tá rudaí deasa anseo sa choill,
Anseo sa choill,
Anseo sa choill.
Tá rudaí deasa anseo sa choill,
Ag fás anseo sa choill.


Bláthanna:

Tá bláthanna deasa anseo sa choill,
Anseo sa choill,
Anseo sa choill.
Tá bláthanna deasa anseo sa choill,
Ag fás anseo sa choill.

Crainn:

Tá crainn an-ard anseo sa choill,
Anseo sa choill,
Anseo sa choill.
Tá crainn an-ard anseo sa choill,
Ag fás anseo sa choill.





Bhí aimsir na Nollag ann arís ach ní raibh fonn ceiliúrtha ar Sheán. Bhí sceitimíní ar a chairde, ach bhí brón an domhain ar Sheán.



Bhí Daidí Sheáin san arm agus bhí sé thar lear sa Liobáin. Ní raibh a fhios ag Seán an mbeadh a Dhaidí sa bhaile don Nollaig.



Bhí a fhios ag Mamaí go raibh an-bhrón ar Sheán. Thug sí bronntanas dó – teidí álainn darb ainm Buster. Bhí áthas an domhain ar Sheán agus thug sé barróg mhór do Buster. “Is breá liom thú, a Buster,” a dúirt Seán leis.

Thug Seán Buster leis chuig a leaba. Bhí greim láimhe aige air agus go tobann, thosaigh Buster ag caint!

“Má bheireann tú greim ar mo lámh nuair a théann tú a chodladh, beidh aislingí deasa agat faoi gach duine i do theaghlach.” Thit Seán agus Buster ina gcodladh.



Cúig bhomaite ina dhiaidh sin, thosaigh na heachtraí. Bhí aisling ag Seán go ndeachaigh sé go dtí an Laplann le cuairt a thabhairt ar Dhaidí na Nollaig. Chuaigh Seán ar an charr sleamhnáin le Buster. Bhí siad ar bís!

Thug siad tuí do na réinfhianna agus chonaic Seán srón ghlasta dhearg Rudolph.



An chéad oíche eile, bhí aisling aige go raibh sé sa bhaile. Bhí a lán bronntanas faoin chrann Nollag. Bhí a Dhaidí sa bhaile fosta don Nollaig. Bhí áthas an domhain ar Sheán.

Nuair a mhúscaíl sé ar maidin, cheap sé go raibh greim láimhe aige ar Buster ach creid nó ná creid, bhí greim láimhe aige ar a Dhaidí féin. Fíoraíodh a aisling! Thug sé barróg mhór dá Dhaidí. "Grá mo chroí thú, a Dhaidí! Nollaig shona duit!"



**FAIGH NA
SCÉALTA AR FAD
LE LÉAMH AR
WWW.SCATHAN.IE**